



## Tumoideachas gan tumadh

O Domagain, G. (2022). *Tumoideachas gan tumadh: Tuarascáil ar thionchar na paindéime COVID-19 ar earnáil an tumoideachais ó thuaidh*.

[Link to publication record in Ulster University Research Portal](#)

### Publication Status:

Published (in print/issue): 01/09/2022

### Document Version

Publisher's PDF, also known as Version of record

### General rights

The copyright and moral rights to the output are retained by the output author(s), unless otherwise stated by the document licence.

Unless otherwise stated, users are permitted to download a copy of the output for personal study or non-commercial research and are permitted to freely distribute the URL of the output. They are not permitted to alter, reproduce, distribute or make any commercial use of the output without obtaining the permission of the author(s).

If the document is licenced under Creative Commons, the rights of users of the documents can be found at <https://creativecommons.org/share-your-work/ccllicenses/>.

### Take down policy

The Research Portal is Ulster University's institutional repository that provides access to Ulster's research outputs. Every effort has been made to ensure that content in the Research Portal does not infringe any person's rights, or applicable UK laws. If you discover content in the Research Portal that you believe breaches copyright or violates any law, please contact [pure-support@ulster.ac.uk](mailto:pure-support@ulster.ac.uk)

# Tumoideachas gan tumadh

Tuarascáil ar thionchar na paindéime COVID-19 ar earnáil an tumoideachais ó thuaidh

An Dr Gearóid Ó Domagáin  
Meitheamh 2022

[ulster.ac.uk](http://ulster.ac.uk)

[ulster.ac.uk](http://ulster.ac.uk)

## Clár

Clár na Léaráidí	3
Clár na nAguisíní	6
Clár na Nod	7
An Taighdeoir	8
Achoimre Fheidhmeach	9
Réamhrá, Réasúnaíocht agus Ceisteanna Taighde	13
Amlíne COVID-19 i Scoileanna an Tuaiscirt	15
Athbhreithniú Litríochta	16
Modh Oibre	23
Torthaí	25
- Tráthúlacht agus sástacht fhreagairt thosaigh na nÚdarás	
- Aird ar an tumoideachas	
- Ullmhacht chun aistriú ar líne	
- Cur chuige i rith na dtréimhsí cianfhoghlama	
- Eispéireas na múinteoirí	
- Eispéireas na ndaltaí/ dtuismitheoirí	
- Teagmháil na ndaltaí leis an Ghaeilge	
- Tionchar ar Ghaeilge na ndaltaí	
- Filleadh chun na scoile	
- Aird tarraingthe ar dheacrachtaí a bhí san earnáil cheana féin	
- Iontaoibh as an Ghaelscolaíocht	
- Beartha chun athshlánaithe	
Taithí i nDlínsí Eile	57
Conclúid agus Moltaí	59
Buíochas	68
Liosta Foinsí	69
Aguisíní	75

## Clár na Léaráidí

<b>Léaráid 1</b>	Ceisteanna Taighde	<b>14</b>
<b>Léaráid 2</b>	Amlíne COVID-19 i Scoileanna an Tuaisceart	<b>15</b>
<b>Léaráid 3</b>	Líon an bhfreagairtí a fuarthas sna céimeanna éagsúla	<b>25</b>
<b>Léaráid 4</b>	Sástacht ceannairí le freagairt RO	<b>26</b>
<b>Léaráid 5</b>	Sástacht ceannairí le freagairt ÚO	<b>26</b>
<b>Léaráid 6</b>	Sástacht ceannairí le freagairt CnaG	<b>26</b>
<b>Léaráid 7</b>	Sástacht múinteoirí le freagairt na nÚdarás	<b>26</b>
<b>Léaráid 8</b>	Sástacht tuismitheoirí le freagairt na nÚdarás	<b>28</b>
<b>Léaráid 9</b>	Sástacht tuismitheoirí le freagairt na scoile	<b>28</b>
<b>Léaráid 10</b>	Sástacht tuismitheoirí le freagairt an mhúinteora	<b>28</b>
<b>Léaráid 11</b>	Ar airíodh sainriachtanais na hearnála sna treoirlínte, dar le ceannairí?	<b>28</b>
<b>Léaráid 12</b>	Ar airíodh sainriachtanais na hearnála sna treoirlínte, dar le múinteoirí?	<b>30</b>
<b>Léaráid 13</b>	Ar riaradh ar an tumoideachas maidir le hacmhainní, dar le ceannairí?	<b>30</b>
<b>Léaráid 14</b>	Ar riaradh ar an tumoideachas maidir le hacmhainní, dar le múinteoirí?	<b>30</b>
<b>Léaráid 15</b>	Úsáid modhanna múinte ar líne roimh an phaindéim, dar le ceannairí	<b>31</b>
<b>Léaráid 16</b>	Úsáid modhanna múinte ar líne roimh an phaindéim, dar le múinteoirí	<b>31</b>
<b>Léaráid 17</b>	Oilteacht na mball foirne chun cianteagaisc, dar le ceannairí	<b>32</b>
<b>Léaráid 18</b>	Oilteacht na mball foirne chun cianteagaisc, dar le múinteoirí	<b>32</b>
<b>Léaráid 19</b>	Ábaltacht agus múinín chun scolaíochta sa bhaile, dar le tuismitheoirí	<b>32</b>
<b>Léaráid 20</b>	Cur chuige teagaisc i rith na dtréimhsí cianfhoghlama, dar le ceannairí	<b>34</b>
<b>Léaráid 21</b>	Cur chuige teagaisc i rith na dtréimhsí cianfhoghlama, dar le múinteoirí	<b>34</b>
<b>Léaráid 22</b>	Cur chuige na scoile i rith na dtréimhsí cianfhoghlama, dar le tuismitheoirí	<b>34</b>

<b>Léaráid 23</b>	Cur chuige na dtuismitheoirí i rith na dtréimhsí cianfhoghlama, dar leo féin	<b>36</b>
<b>Léaráid 24</b>	Údar struis do mhúinteoirí, dar le ceannairí?	<b>37</b>
<b>Léaráid 25</b>	Údar struis do mhúinteoirí, dar leo féin?	<b>37</b>
<b>Léaráid 26</b>	Ualach mór ullmhúcháin, dar le múinteoirí?	<b>37</b>
<b>Léaráid 27</b>	Spreagadh na bpáistí, dar le tuismitheoirí	<b>39</b>
<b>Léaráid 28</b>	Ábaltacht na bpáistí, dar le tuismitheoirí	<b>39</b>
<b>Léaráid 29</b>	Údar mór struis do thuismitheoirí, dar le ceannairí?	<b>39</b>
<b>Léaráid 30</b>	Deacracht na Gaeilge do thuismitheoirí, dar le múinteoirí	<b>40</b>
<b>Léaráid 31</b>	Ar bhac an Ghaeilge, dar le tuismitheoirí?	<b>40</b>
<b>Léaráid 32</b>	Teagmháil na ndaltaí leis an Ghaeilge, dar le ceannairí	<b>41</b>
<b>Léaráid 33</b>	Teagmháil na ndaltaí leis an Ghaeilge, dar le múinteoirí	<b>41</b>
<b>Léaráid 34</b>	Teagmháil na bpáistí leis an Ghaeilge, dar le tuismitheoirí	<b>42</b>
<b>Léaráid 35</b>	Dóigheanna eile ar nochtadh na páistí don Ghaeilge, dar le tuismitheoirí	<b>42</b>
<b>Léaráid 36</b>	Dochar teangeolaíoch déanta, dar le ceannairí?	<b>43</b>
<b>Léaráid 37</b>	Dochar teangeolaíoch déanta, dar le múinteoirí?	<b>43</b>
<b>Léaráid 38</b>	Dochar teangeolaíoch déanta, dar le tuismitheoirí?	<b>44</b>
<b>Léaráid 39</b>	Dochar déanta do mhuinín theangeolaíoch, dar le múinteoirí?	<b>45</b>
<b>Léaráid 40</b>	Dochar déanta do mhuinín theangeolaíoch, dar le tuismitheoirí?	<b>45</b>
<b>Léaráid 41</b>	Dul siar de dhíth, dar le múinteoirí?	<b>46</b>
<b>Léaráid 42</b>	Leibhéal íslithe deacrachta, dar le múinteoirí?	<b>46</b>
<b>Léaráid 43</b>	Leibhéal cumarsáide trí Ghaeilge, dar le múinteoirí	<b>46</b>
<b>Léaráid 44</b>	Aird tarraingthe ar dheacrachtaí seanbhunaithe, dar le ceannairí?	<b>47</b>
<b>Léaráid 45</b>	Aird tarraingthe ar dheacrachtaí seanbhunaithe, dar le múinteoirí?	<b>47</b>
<b>Léaráid 46</b>	Iontaoibh cailte as an Ghaelscolaíocht, dar le tuismitheoirí?	<b>51</b>

<b>Léaráid 47</b>	An gcuirfear isteach ar chúrsaí iontrála, dar le ceannairí?	<b>51</b>
<b>Léaráid 48</b>	An gcuirfear isteach ar chúrsaí iontrála, dar le múinteoirí?	<b>51</b>
<b>Léaráid 49</b>	Cad é a chuideodh le páistí, dar le tuismitheoirí?	<b>52</b>
<b>Léaráid 50</b>	Beartha chun athshlánaithe, dar le tuismitheoirí	<b>53</b>
<b>Léaráid 51</b>	Cad é a chuideodh le tuismitheoirí, dar leo féin?	<b>54</b>
<b>Léaráid 52</b>	Beartha eile a chreideann tuismitheoirí a bheadh cuidiúil	<b>55</b>
<b>Léaráid 53</b>	Beartha a chuideoidh leo féin, dar le múinteoirí	<b>56</b>
<b>Léaráid 54</b>	Beartha a chuideodh le daltaí, dar le múinteoirí	<b>56</b>
<b>Léaráid 55</b>	Moltaí do na páirtithe leasmhara éagsúla	<b>63</b>

## Clár na nAguisíní

<b>Aguisín 1</b>	Suirbhé na gCeannairí	<b>75</b>
<b>Aguisín 2</b>	Suirbhé na Múinteoirí	<b>81</b>
<b>Aguisín 3</b>	Suirbhé na dTuismitheoirí	<b>87</b>
<b>Aguisín 4</b>	“The Impact of Covid-19 on Irish-medium Education”: Márta 21: CnaG	<b>92</b>
<b>Aguisín 5</b>	Ciorcalán de chuid RO: “Guidance for schools on supporting remote learning to provide educational continuity”: 2020/05	<b>99</b>
<b>Aguisín 6</b>	Treoirínte Comhfhoghlama	<b>110</b>
<b>Aguisín 7</b>	Torthaí Shuirbhé an ÚO: Deireadh Fómhair 2021	<b>111</b>
<b>Aguisín 8</b>	Litir Altram maidir leis an <i>Education Restart Programme</i> : Meitheamh 2020	<b>119</b>
<b>Aguisín 9</b>	Clár seimineár CnaG	<b>123</b>

## Clár na Nod

<b>CnaG</b>	Comhairle na Gaelscolaíochta
<b>FCÁT</b>	Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga
<b>FRT</b>	Foghlaim Ríomhchuidithe Teanga
<b>RO</b>	An Roinn Oideachais
<b>SRO</b>	Sainriachtanais Oideachais
<b>ÚO</b>	An tÚdarás Oideachais



## An Taighdeoir



Rinne an Dr Gearóid Ó Domagáin staidéar ar Theanga agus Litríocht na Gaeilge in Ollscoil Uladh, áit ar bhain sé céadonóracha amach in 2005. Gnóthaigh sé PhD in 2009 le staidéar ar an teagmháil agus ar an athrú teanga i nGaeltacht Dhún na nGall. Bhí sé ag obair mar Chomhalta Taighde de chuid an RCUK le Foclóireacht (2009 – 2011) agus mar Chomhalta Acadúil sa Léann Éireannach agus Ceilteach (2011 – 2014). Is léachtóir lánaimseartha le Gaeilge é in Ollscoil Uladh ó 2014 agus bíonn sé ag teagasc na Gaeilge, na litríochta, na canúineolaíochta agus na sochtheangeolaíochta. Is iad an fhoclóireacht, an caighdeánú teanga, an teangeolaíocht teagmhála agus an sealbhú teanga sa tumoideachas na príomhspéiseanna taighde atá aige.

<https://orcid.org/0000-0003-0651-6545>

[g.odomagain@ulster.ac.uk](mailto:g.odomagain@ulster.ac.uk)

## Achoimre Fheidhmeach

Ó fógraíodh an chéad dianghlasáil i mí an Mhárta 2020, is strus, streacailt agus éiginnteacht a bhí i ndán do gach páirtí leasmhar de chuid earnáil an oideachais. Seo dálaí a chuir gnáthphleanáil an oideachais agus gnáth-thuras scolaíochta gach dalta as a riocht. Le cois ábhar an churaclaim a chlúdach, áfach, is amhlaidh a bhíonn sé de chuspóir ag cleachtóirí in earnáil an tumoideachais teanga eile a chur os comhair na ndaltaí sa tseomra ranga. Déantar an scil bhreise teanga seo a fhorbairt, cuid mhaith, go horgánach tríd an tumadh, tumadh nach bhfuarthas seal leanúnach de le bunús dhá bhliain. Cé nach bhfuil deireadh na paidéime ann go fóill, is den riachtanas anois iarmhairtí na tréimhse corraí seo a thuiscint ionas gur féidir pleanáil chun athshlánaithe, nó tá glúin iomlán daoine óga ag brath air!

Aithníonn gach páirtí leasmhar seo, an RO san áireamh. Ina fhianaise seo, ceadaíodh £450,000 de mhaoiniú don Bhliain Airgeadais 2021/22 le tacú le Gaelscoileanna chun tionchar na paidéime COVID-19 ar shealbhú teanga na ndaltaí a mhaolú. Is maoiniú sa bhreis é seo ar an mhaoiniú a tháinig tríd an chlár Engage II agus is é is cuspóir leis saintacaíocht sealbhaithe teanga a chur ar fáil in earnáil an Ghaeloideachais. Maoiníodh an tionscadal reatha seo tríd an chiste luachmhar seo agus é mar chuid de réimse gníomhaíochtaí tacaíochta teanga arna gcomhordú ag CnaG agus CCEA.

Déantar, sa tuarascáil seo, sonraí eimpíreacha a chur ar fáil le cineál agus méid an tionchair a leagan amach i meascán scoileanna ar fud an Tuaiscirt. Leagtar béim faoi leith ar bhunscoileanna ach baineann moltaí an taighde le gach leibhéal Gaelscolaíochta. In éagmais uirlisí comhsheasta measúnaithe teanga, níorbh fhéidir, taobh istigh d’amscála an tionscadail seo, turgnamh a cheapadh le mionscagadh a dhéanamh ar inniúlachtaí teanga na ndaltaí bunaithe ar aischur teangeolaíoch. Ina áit sin, déantar cíoradh ar an réimse eispéireas agus tuairimí atá ar fáil i measc na bpáirtithe leasmhara lena n-áirítear príomhoidí/ceannairí, múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí agus tugtar moltaí chun athshlánaithe bunaithe ar bharúlacha na bpáirtithe leasmhara sin agus ar an dea-chleachtas logánta agus idirnáisiúnta.

## Príomhthorthaí

### Aibhsiú ar dhúshláin sheanbhunaithe agus iarmhairtí móra teangeolaíochta

- Teacht na paidéime agus freagairt na nÚdarás

Cé go dtuigtear gurbh éigeandáil í seo nach bhfacthas roimhe agus go raibh RO, ar leibhéal an pholasaí, agus ÚO, ar leibhéal na bainistíochta, ag obair faoi an-bhrú ón tús, is léir go gcreideann na ceannairí scoile (100%), na múinteoirí (100%) agus cuid mhaith tuismitheoirí (54%) a chomhlánaigh na suirbhéanna nár tugadh treoirínnte agus tacaíocht chuí in am trátha. Fuarthas an t-eolas sa deireadh ach ba dhoiligh teacht air in amanna, bhí sé doiléir agus frithráiteach in amanna eile agus níor léir go raibh sainriachtanais na hearnála le sonrú ann in amanna eile. Deir 42% de na ceannairí a líon an suirbhé nach raibh siad sásta le freagairt CnaG. Is amhlaidh, áfach, gur léir go raibh siad féin teoranta mar gheall ar easpa acmhainní sainiúla don Ghaeilge agus gur cuireadh moill ar an fhreagairt mar gheall ar easpa airde ar an tumoideachais sna treoirínnte a fuair siad féin ón RO agus ón ÚO.

D’fhág seo go raibh ar cheannairí scoileanna aonair na cinntí s’acu féin a dhéanamh agus a gcuid polasaithe féin a chruthú dá scoileanna fad ab éigean do na múinteoirí a gcuid ábhair

féin a ullmhú don teagasc ar líne agus iad ag iarraidh teacht isteach ar mhodhanna úra teagaisc nach raibh siad oillte go leor orthu, dar le 75% den tsampla.

Faoin am ar tháinig an dara tréimhse dhianghlasála, áfach, bhí bonn níos fearr faoi chúrsaí tacaíochta; luann na múinteoirí fiúntas na gcúrsaí traenála a cuireadh ar fáil agus luann CnaG agus na ceannairí scoile an cuidiú a thug tionscadail ar nós *Engage, Supporting Learning* agus *Sealbhú*.

Is é an mórtháta a bhaintear as seo gur fearrde a bheadh polasaithe an bharrleibhéil ach beann agus eolas a bheith ag lucht a ndéanta ar shainriachtanais na gcleachtóirí tumoideachais ó thús an phróisis cinnteoireachta.

- **Cur chuige i rith an paindéime**

Ní raibh aon chur chuige aonchineálach ann taobh istigh de scoileanna aonair ná i measc scoileanna éagsúla i rith na chéad tréimhse cianfhoghlama. De dheasca na héiginnteachta a bhraith na múinteoirí agus na príomhoidí, mar aon le deacrachtaí praiticiúla (e.g. easpa bonneagair cianteagaisc sa scoil; easpa oiliúna na múinteoirí ar an chiantegasc; easpa ríomhairí nó idirlín a bheith ag na daltaí), bhí meascán cur chuige ais-sioncronach ann, mar shampla, pacáistí oibre curtha chun an bhaile; pacáistí oibre nó/agus físeáin mhínithe curtha amach ar ardáin ar líne; naisc úsáideacha seolta amach. Rinne roinnt scoileanna teagasc sioncronach, a chur ar fáil, e.g. trí *Zoom* nó *Google Classroom*, cuid acu á dhéanamh go laethúil agus cuid acu á dhéanamh go hócáideach nó go seachtainiúil agus rinneadh seo in ainneoin mholtaí RO agus bhrú na gceardchumann.

Is é an tátal atá le baint as seo nach raibh cothromas deise ann do na daltaí tumoideachais, rud atá ag teacht le taighde ginearálta ar thionchar na paindéime maidir le grúpaí sóisialta faoi leith (Holt & Murray, 2021), go háirithe i gceantair faoi bhuntáiste; ceantair iad seo ina bhfuil 11/40 Gaelscoil (100 Super Output Areas, 2022).

Bhraith na ceannairí (100%) agus na múinteoirí (100%) a chomhlánaigh na suirbhéanna gur údar struis iad na tréimhsí cianfhoghlama agus gur leagadh ualach breise ullmhúcháin orthu ó tharla go raibh sainacmhainní Gaeilge le cruthú acu do na hardáin éagsúla ar líne a bhí in úsáid acu. In ainneoin na n-iarrachtaí breise seo, áfach, bhí 100% acu den bharúil nár nochtadh na daltaí do go leor Gaeilge i rith na dtréimhsí seo. Ó tharla nach bhfuil Gaeilge sa bhaile ag bunús na dtuismitheoirí agus cuid mhaith den tacaíocht (e.g. iarrachtaí TG4) mífhóirsteanach do churaclam an Tuaiscirt, maille le roinnt mhaith paistí gan a bheith spreagtha i gcónaí (85%) nó iomlán-ábaltá páirt a ghlacadh sa chianfhoghlaim (33%), is cailliúint mhór a bhí ann gan iad a bheith sa tsuíomh tumtha in éineacht leis na múinteoirí agus lena gcomhscoláirí. Mhothaigh roinnt múinteoirí, fosta, nárbh fhurasta deacrachtaí páistí a shainithint gan an idirtheagmháil rialta.

Molann bunús mór thuismitheoirí an tsampla (78%) iarrachtaí na scoileanna agus na múinteoirí aonair (80%) i rith na dtréimhsí cianfhoghlama agus maíonn an mhórchuid dóibh (75.5%) go ndearna siad féin, mar thuismitheoirí, iarracht cuidiú agus tacaíocht a chur ar fáil do na páistí in ainneoin gur tuigeadh do chuid mhaith acu nár mhúinteoirí iad nó nach raibh go leor Gaeilge acu leis an teanga a theagasc ná a úsáid leis na páistí.

Is léir gur fhoghlaim scoileanna ó thaithí thréimhse na chéad dianghlasála nó bhí forbairt ar na modhanna teagaisc i rith an dara dianghlasáil maidir le cur chuige an teagaisc shioncronaigh agus modhanna múinte an teagaisc ais-sioncronaigh. Moltar na dea-chleachtais seo a chomhtháthú le teagasc an tseomra ranga amach anseo nó tá siad ag teacht le dea-chleachtas FRT.

- **Tionchar ar dhaltaí, ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí**

Cé go maítear gur idir rang 2-5 is mó a braitheadh an tionchar teangeolaíoch, creideann 92% de na ceannairí agus 94% de na múinteoirí agus cuid mhaith tuismitheoirí (54%) a chomhlánaigh an suirbhé go bhfuil cumas agus muinín theangeolaíoch gach dalta tumoideachais i ndiaidh fulaingt mar gheall ar an chianfhoghlaim. Is fadhb sheanbhunaithe í san earnáil nach bhfuil cur chuige seasmhach tástála forbartha teanga ann ach ina ainneoin seo, bhí na múinteoirí den tuairim, bunaithe ar a mbreithiúnas gairmiúil féin, bunaithe ar chaighdeán na dtascanna ranga agus bunaithe ar chumarsáid na ndaltaí ó d'fhill siad go bhfuil gach scil teanga idir labhairt, scríobh, léamhthuiscint, stór focal agus fheasacht ar struchtúir tite go mór. Níl an mhúinín ná an cumas i gcuid de na páistí an teanga acadúil ná shóisialta a thuigbheáil ná a úsáid agus tá leibhéal úsáidte na Gaeilge tite go mór i gclos na scoile agus sa ghnáthchumarsáid ranga araon. Maíonn iomlán na múinteoirí go raibh acu le dul siar in áit dul chun tosaigh maidir le teagasc na teanga agus as sin teagasc an churaclaim ó tharla an dá rud a bheith fite fuaite ina chéile agus mothaíonn siad go bhfuil na daltaí i bhfad ar gcúl ón áit a mbíodh daltaí sa bhliainghrúpa chéanna blianta eile. Creidtear, fosta, go bhfuil páistí sa bhonnchéim ar chúl ón áit a mbíodh gnáthpháistí den aois chéanna roimhe maidir lena n-ullmhacht chun foghlama, rud a rachaidh i bhfeidhm ar an dul chun cinn sna blianta atá le teacht (Lafave et al., 2021).

## **Moltaí**

### **Aird ar an earnáil, acmhainní agus oiliúint, deiseanna úsáidte**

Tuigeann na múinteoirí agus na ceannairí na fadhbanna atá ann agus tá siad ar theann a ndícheall dul i ngleic leo ach tá siad teoranta ag bacainní nach bhfuil neart acu orthu. Is léir teacht aniar a bheith sna páistí ach níl réiteach aonuaire ar iarmhairtí an chailleanais tumoideachais. Caithfidh an mórphobal scoile agus an mórbonneagar oideachais teacht le chéile le tacú leo ar bhonn leanúnach sna blianta atá amach romhainn.

Ní mór don RO agus don ÚO aitheantas, ó thús, a thabhairt do shainriachtanais an tumoideachais ina gcuid polasaithe agus pleanála. Cé gur den riachtanas agus den phraiticiúlacht polasaithe uileghabhálacha a cheapadh, ní dhéanann cur chuige mar seo riar cuí ar shainéiteas, ar shaindúshláin, ar shain-chomhdhéanamh agus ar shain-chur chuige na hearnála tumoideachais a bhfuil an ghné theangeolaíoch ina chroí-lár. Ní mór tuiscint mar is ceart a léiriú ar na riachtanais bhreise a chruthaíonn sealbhú mionteanga agus tacaíocht leordhóthanach a thabhairt chuige sin.

Ní mór don ÚO leanúint don oiliúint agus cur leis an chumarsáid le ceannairí agus cleachtóirí Gaelscolaíochta. Ní mór do CnaG déanamh amhlaidh le cleachtóirí agus tuismitheoirí Gaelscolaíochta. Muna gcuireann na ceannairí scoile na múinteoirí ar an eolas faoi pholasaithe agus faoi dheiseanna tacaíochta, bíonn sé doiligh acu teacht ar an eolas. Ar an

tséala chéanna, imíonn sé cruá ar thuismitheoirí an t-eolas cuí a aimsiú agus is ábhar mór éiginnteachta agus struis a bhí agus a bhíonn ann dóibh. Ní thuigeann cuid mhaith thuismitheoirí na háiseanna atá ar fáil dóibh féin agus do na páistí ná ní thuigeann siad an dóigh le hearraíocht a bhaint astu. Ní fiú ábhar tacaíochta a chruthú muna bhfeictear é nó munar féidir é a úsáid.

Is é an dá rud is mó atá de dhíth ar scoileanna ná acmhainní foirne agus teagasc. Is mór atá maoiniú *Engage* I & II (tacaíocht do dhaltá le dul i ngleic le cailliúint foghlama) agus *Sealbhú* (tacaíocht dírithe ar an tsealbhú teanga) ag cuidiú le scoileanna ach ní mór leanúint dóibh. Níl an t-am ann i rith an lae scoile an bhris theangeolaíoch agus an bhris churaclaim a thabhairt isteach, mar sin de, caithfear a bheith cruthaitheach agus solúbtha ina gcuid tosaíochtaí.

Ní mór do mhúinteoirí leanúint den traenáil i modhanna múinte teanga agus modhanna múinte ar líne agus caithfear leanúint de thraenáil teanga na múinteoirí nó ní fearr ionchur teangeolaíoch na bpáistí ná cumas teangeolaíoch na múinteoirí agus na gcúntóirí ranga. Is faoin RO agus ÚO a bheas sé na deiseanna seo a chur ar fáil, a mhaoiniú agus a phoibliú, mar shampla trí Scéim na gCeannairí Foghlama de chuid an ÚO. Ní mór, fosta, dul chun cinn a dhéanamh maidir le creatlach forbartha teanga nó níl múinteoirí san áit ar féidir leo dul chun cinn teangeolaíoch na bpáistí a rianadh go leanúnach ná go córasach agus tá sé ionann is dodhéanta cumas teangeolaíoch na bpáistí a thagarmharcáil ó scoil go scoil mar go bhfuil an cur chuige teagasc agus measúnaithe chomh héagsúil ó shuíomh go suíomh.

Tá níos mó deiseanna úsáidte teanga de dhíth ar na daltaí taobh istigh agus taobh amuigh den scoil. B'amhlaidh seo riamh anall ach is tábhachtaí seo anois ó tharla go bhfuil an cumas agus an mhúinín teanga cailte ag cuid mhaith acu. Ní mar a chéile na deiseanna úsáidte agus saibhríthe teanga ag gach dalta i gceantair éagsúla agus níl sin cothrom ó tharla nach féidir an sealbhú rathúil teanga a bhaint amach sa tseomra ranga amháin.

Mar a chonacthas i rith na ndianghlasálacha, thig le thuismitheoirí cuidiú le dul chun cinn teangeolaíoch na bpáistí ach níl an cumas teanga ná múinte i gcuid mhaith acu chuige sin. Déanann roinnt scoileanna ranganna a chur ar fáil agus tá teacht ar ranganna i gceantair faoi leith ach níl dáileadh cothrom ann ná feacht fhorleathan orthu. B'fhiú cur leis na ranganna agus sainacmhainní a chruthú agus a thabhairt do thuismitheoirí saor in aisce, e.g. *Gaeilge sa Bhaile*.

## Mórhátal

Tá géarghá le tuilleadh taighde den tsórt seo ar gach gné de chur isteach na paindéime ar chúrsaí oideachais trí chéile. Cé nach doiligh a shamhlú go mbeadh iarmhairtí ag éigeandáil gan fasach mar seo, is den chríonnacht mionsonraí a thógáil agus pleanáil chun athshlánaithe a bhunú ar fhianaise in áit tuairimí. Dá mhéad a luigh deacrachtaí na paindéime ar gach duine, is amhlaidh a léiríodh an teacht le chéile a bhíonn idir dreamanna éagsúla chomh maith leis an tseifiúlacht atá i ndaoine agus tá deis úr ann athrú chun feabhais a dhéanamh ach an t-eolas, an aird, an dea-thoil agus an tacaíocht chuí a bheith ann chuige.

## Réamhrá, réasúnaíocht agus ceisteanna taighde

Ó fógraíodh an chéad dianghlasáil i an Mhárta 2020, is strus, streacailt agus éiginnteacht a bhí i ndán do gach páirtí leasmhar de chuid earnáil an oideachais. Níorbh fheasach do dhream ar bith ón rialtas go dtí an dalta féin cén cruth a bheadh ar an tseachtain dar gceann: an mbeadh na scoileanna druidte agus an chianfhoghlaim i réim; an cur chuige hibrideach a bheadh de dhíth; an mbeadh na daltaí amuigh tinn nó an mbeadh ar na ranganna druidim de cheal múinteoirí. Seo dálaí a chuir gnáthphleanáil an oideachais agus gnáth-thuras scolaíochta gach dalta as a riocht agus cé nach bhfuil deireadh na paidéime ann go fóill, is den riachtanas anois iarmhairtí na tréimhse corraí seo a thuiscint ionas gur féidir pleanáil chun athshlánaithe, nó tá glúin iomlán daoine óga ag brath air!

I bhfianaise na héiginnteachta fadmharthanaí seo, agus a fhios againn gur faoi laincisí móra a bhí an RO, ÚO, CnaG, ceannairí scoile, múinteoirí agus tuismitheoirí ag iarraidh a chinntiú go ndéanfaí bunchnáma an churaclaim a chur i láthair na ndaltaí, is sochreidte gur imríodh tionchar nár bheag ar dhul chun cinn gach dalta scoile ón bhonnchéim aníos (Agostinelli et al., 2022).

Le cois ábhar an churaclaim a chlúdach, áfach, is amhlaidh a bhíonn sé de chuspóir ag cleachtóirí in earnáil an tumoideachais teanga eile a chur os comhair na ndaltaí sa tseomra ranga. Déantar an scil bhreise teanga seo a fhorbairt go horgánach, cuid mhaith, tríd an tumadh, tumadh nach bhfuarthas seal leanúnach de le bunús dhá bhliain. Creidtear gur mór an buille an easpa ionchur teangeolaíoch seo ar chumas Gaeilge na ndaltaí, go háirithe na daltaí:

- a bhfuil tuismitheoirí aonteangacha acu
- ó chúlraí ísle socheacnamaíocha<sup>1</sup>
- a raibh sainriachtanais oideachais acu cheana féin.

Ar fhilleadh chun na scoile dóibh gach uair, bhí agus bíonn bris na tréimhse amuigh le tabhairt isteach ó thaobh na teanga de gan trácht ar ghnáthscileanna an churaclaim (e.g. litearthacht agus matamaitic) agus seo ag tarlú i gcomhthéacs cur isteach leanúnach na paidéime ar thinreamh na ndaltaí agus na múinteoirí araon.

Déantar, sa tuarascáil seo, sonraí eimpíreacha a chur ar fáil le cineál agus méid an tionchair a leagan amach i meascán scoileanna ar fud an Tuaiscirt. Leagtar béim faoi leith ar bhunscoileanna ach baineann moltaí an taighde le gach leibhéal Gaelscolaíochta. In éagmais uirlisí comhsheasta measúnaithe teanga, níorbh fhéidir, taobh istigh d’amscála an tionscadail seo, turgnamh a cheapadh le mionscagadh a dhéanamh ar inniúlachtaí teanga na ndaltaí bunaithe ar aischur teangeolaíoch. Ina áit sin, déantar cíoradh ar an réimse eispéireas agus tuairimí atá ar fáil i measc na bpáirtithe leasmhara lena n-áirítear príomhoidí/ceannairí, múinteoirí, tuismitheoirí agus daltaí agus tugtar moltaí chun athshlánaithe bunaithe ar bharúlacha na bpáirtithe leasmhara sin agus ar an dea-chleachtas logánta agus idirnáisiúnta.

---

<sup>1</sup> Tá 11/40 Gaelscoil lonnaithe i gceantar faoi mhíbhuntáiste de réir 11/40 sna 100 *Super Output Areas*.

Seo thíos na príomhcheisteanna taighde:

## Ceisteanna Taighde

- Cén t-eispéireas a bhí ag na páirtithe leasmhara le teacht na paindéime agus rith na dtréimhsí cianfhoghlama?
- Cén cur chuige a bhí in úsáid i scoileanna/aonaid éagsúla agus cén fáth ar roghnaíodh an cur chuige seo?
- Cén tionchar a shamhlaítear imríodh ar dhul chun cinn teangeolaíoch na ndaí agus cén fhianaise atá air sin?
- Cén dea-chleachtas a tháinig chun cinn san earnáil, i ndlínsí eile agus i scoileanna aonai?
- Cad iad na bearta praiticiúla agus polasaithe is gá agus is fiú a dhéanamh chun athshlánaithe?

Léaráid 1: Ceisteanna taighde

## Amlíne COVID-19 i Scoileanna an Tuaiscirt

2020											
Éan.	Feabh.	Mar.	Aib.	Bealt.	Meith.	Iúil	Lún.	Meán Fómh.	Deir Fómh.	Samh.	Noll.
2021											
Éan.	Feabh..	Mar.	Aib.	Bealt.	Meith.	Iúil	Lún.	Meán Fómh.	Deir Fómh.	Samh.	Noll.

Léaráid 2: amlíne-COVID 19 i Scoileanna an Tuaisceart

**23 Márta 2020 – 30 Meitheamh 2020:** Druidtear na scoileanna do gach bliainghrúpa.

**1 Meán Fómhair 2020:** Osclaítear na scoileanna do gach duine.

**19 Deireadh Fómhair 2020:** Fógraítear sos sínte lár téarma.

**2 Samhain 2020:** Osclaítear na scoileanna arís.

**4 Eanáir – 22 Márta 2021:** Druidtear na scoileanna arís.

**22 Márta 2021:** Osclaítear bunscoileanna arís agus meánscoileanna do B12-14.

**12 Aibreán 2021:** Osclaítear na scoileanna do gach bliainghrúpa.

**1 Meán Fómhair 2021:** Osclaítear na scoileanna do gach bliainghrúpa.

Feictear sna boscaí dearga thuas na treimhsí dianghlasála ina raibh an chianfhoghlaim i bhfeidhm don chuid is mó de dhaltáí. Is léir, mar sin, gur chaill bunús mór acu seacht mí go leith den ghnáth-thuras scoile agus, i gcás an taighde seo, den ghnáth-thumadh sa Ghaeilge. Ní chuirtear san áireamh anseo, na laethanta saoire bainc, na sosanna lár téarma, laethanta oiliúna na múinteoirí, saoire na Nollag, saoire na Cásca agus ansin gnáthshaoire an tsamhraidh. Má chuirtear iad sin san áireamh, idir Eanáir 2020 agus Nollag 2021, bhí na daltaí tumoideachais taobh amuigh den tsuíomh tumtha ar feadh tuairim is 50% den bhliain féilire.



## Athbhreithniú Itríochta

### Tionchar COVID ar dhaltaí

Cé go bhfuil deireadh le bunús na srianta a bhaineann le suíomhanna oideachais sa Tuaisceart, is léir nach bhfuil deireadh le cur isteach na paidéime go fóill ar scoileanna. Is léir, áfach, go dtuigtear gur mithid tús a chur le hanailís ar an tionchar a bhí ag na dianghlasálacha agus na tréimhsí cianfhoghlama ar mheabhairshláinte, ar scileanna sóisialta, ar chaighdeán maireachtála agus ar ghnóthachtáil acadúil daltaí scoile.

Maíonn *Unesco* go raibh 91.2% de pháistí scoile an domhain thíos leis an phaindéim in Aibreán 2020, mar sin de, tá sé ar shlí a ráite go mbeidh cuid mhór oibre de dhíth le tuiscint a fháil ar an chur isteach seo.<sup>2</sup> Tá anois, taighde ag teacht chun cinn, diaidh ar ndiaidh, a dhéanann tuairisciú agus anailís ar na gnéithe thuasluaite .

Sa Ríocht Aontaithe, déanann Holt & Murray (2021) anailís ar thionchar na dianghlasála ar pháistí. Baineann siad úsáid as torthaí suirbhé an Choimisinéara Leanaí i Sasana (2020)<sup>3</sup> chomh maith le sonraí a thóg *The Children's Society* (2020)<sup>4</sup> agus is é toradh na hanailíse seo gur ghéaraigh teacht na paidéime agus freagairt an rialtais ar fhadhbanna agus éagthroime oideachais a bhí ann sa Ríocht Aontaithe cheana féin.<sup>5</sup> Maítear ann, fosta, nach féidir luí isteach ar an easpa scolaíochta agus an tionchar ar an ghnóthachtáil oideachais amháin chun athshlánaithe nó baineann na ceisteanna seo le ceisteanna sochaíocha is leithne. Níl aon amhras ach gur cuireadh isteach ar dhóigh éigin ar gach páiste ach ní mar a chéile a luigh tionchar na paidéime orthu ar fad nó baineann sé leis an áit a bhfuil siad ina gcónaí, an saol teaghlaigh atá acu agus cúlra socheacnamaíoch an teaghlaigh. Tacaíonn Morgül et al. (2020) leis seo agus iad ag brath ar thuairimí cúramóirí maidir le himpleachtaí na dianghlasála ar mheabhairshláinte daltaí bunscoile. Léiríonn siad gur mhothaigh na páistí leadrán, iargúlacht, fearg agus buaireamh agus gur imir seo tionchar nár bheag ar an

---

<sup>2</sup> <https://en.unesco.org/covid19/educationresponse>

<sup>3</sup> Féach <https://www.childrenscommissioner.gov.uk/2020/04/21/lockdown-experiences-what-being-in-isolation-has-been-like-for-children/>

<sup>4</sup> Féach <https://www.childrenssociety.org.uk/sites/default/files/2020-10/life-on-hold-childrens-well-being-and-covid-19.pdf>

<sup>5</sup> Maíonn an Coimisiún Comhionannais an rud céanna faoi Thuaisceart Éireann. Féach <https://www.equalityni.org/Footer-Links/News/Delivering-Equality/Education-inequalities-could-worsen-in-response-to>

chaidreamh idirtheaghlaigh. Maíonn siad, chomh maith, gur imir an iargúltacht shóisialta seo tionchar ar a gcuid nósanna agus gnáthamh, rud a chuirfidh isteach ar fhorbairt a gcuid scileanna sóisialta.<sup>6</sup>

Amharcann Kim agus Asbury (2020) ar eispéiris múinteoirí i Sasana i rith na dianghlasála, “it was like a rug had been pulled from under you” agus míníonn siad sé théama a bhí le brath i measc múinteoirí: neamhchinnteacht; dúshláin a bhain le bheith ag iarraidh teacht ar mhodh oibre is fearr; imní faoi dhaltáí leochaileacha; tábhacht na gcaidreamh idir múinteoirí agus idir daltaí; tábhacht fhéiniúlacht na múinteoirí agus tábhacht an mhachnaimh ar na deacrachtaí. Míníonn siad go mbeidh tacaíocht, solúbthacht agus cumarsáid is soiléire de dhíth ón rialtas má bhíonn athshlánú le déanamh.<sup>7</sup>

Déanann El-Osta et al. (2021) léargas a thabhairt ar bharúlacha tuismitheoirí a raibh páistí in aois scoile acu agus léiríonn siad a dheacra a bhí sé ar thuismitheoirí a bheith ag iarraidh dul i ngleic leis an réaltacht úr agus iad ag tabhairt aire do pháistí a raibh na deacrachtaí acu mar atá leagtha amach thuas.<sup>8</sup> Imríodh drochthionchar ar mheabhairshláinte na dtuismitheoirí féin agus iad buartha fúthu féin agus faoi dhul chun cinn a bpáistí.

I dTuaisceart Éireann, tá scagadh déanta ag Bates et al. (2021) ar eispéiris daoine óga agus a gcuid tuismitheoirí i rith na paidéime agus arís eile léirítear go raibh meascán éispéireas ag teaghlaigh éagsúla bunaithe ar chúinsí pearsanta na dteaghlach sin. Ar an mhórchóir, de réir mar a luadh thuas i gcás Shasana, is amhlaidh a cuireadh isteach ar dhul chun cinn acadúil na bpáistí, ar an mheabhairshláinte s’acu agus b’údar mór struis a bhí ann do na tuismitheoirí. Tá taighde den tsórt chéanna déanta ag Walsh et al. (2020) ar bharúlacha tuismitheoirí/cúramóirí ar an scolaíocht sa bhaile agus cuireann Purdy et al. (2021) leis seo<sup>9</sup>.

---

<sup>6</sup> Féach, fosta, Bahn (2020) agus Whang et al. (2020). Tá forléargas suimiúil le fáil ó *Mental Health UK* <https://www.mentalhealth.org.uk/sites/default/files/MHF%20Scotland%20Impacts%20of%20Lockdown.pdf> agus ceann eile ag <https://www.gov.uk/government/publications/covid-19-mental-health-and-wellbeing-surveillance-report/7-children-and-young-people>

<sup>7</sup> Féach, fosta, Allen et al. (2020) do bharúlacha eile agus Dempsey & Burke, d’eispéiris múinteoirí in Éirinn.

<sup>8</sup> Féach, fosta, Pensiero (2020)

<sup>9</sup> Féach <https://www.stran.ac.uk/wp-content/uploads/2021/03/Home-schooling-Report-2021-CREU-Final-March-2021.pdf>

Feictear, thuas, snáithe éagsúla anailíse ar pháirtithe leasmhara éagsúla . Ní léir aon staidéar a bheith ann, taobh amuigh den staidéar reatha, a thugann na snáithe seo le chéile. Tá sé ar shlí a ráite nach féidir plé le tionchar na paindéime ar dhaltaí amháin mar go gcaithfear eispéiris agus sainriachtanais iomlán na bpáirtithe leasmhara a chuimsiú; tá slánú sochaíoch le déanamh fad atáthar ag iarraidh slánú a dhéanamh ar oideachas na ndaltaí scoile, bíodh sin san oideachas réamhscoile, bunscoile, meánscoile, tríú leibhéal nó san oideachas aonteangach nó dátheangach.

Míníodh thuas (lth. 13) go bhfuil dálaí faoi leith i suíomhanna tumoideachais a chuireann cor eile i scéal iarmhairt na paindéime. Go nuige seo, níl mórán taighde déanta air seo nó tá fócas lucht an tumoideachais ar bhunriachtanais a bpoist a chomhlánú, i.e. na scoileanna a choinneáil ar obair, an bhris oideachais a thabhairt isteach agus dul i ngleic leis na deacrachtaí eile atá acu féin agus ag a gcuid daltaí. Tuigtear go forleathan, áfach, go bhfuil géarghá le taighde ar na hiarmhairtí seo agus tá roinnt luathshamplaí againn ó theagasc an dara teanga atá ábhartha.

Déanann Crosson agus Silverman (2022) léargas a thabhairt ar an chur isteach ar chúrsaí litearthachta i measc dátheangaigh sheicheamhacha<sup>10</sup>, dála mar a bhíonn againn den mhórchuid sna Gaelscoileanna. Léirítear sa taighde seo, bunaithe ar bharúlacha na múinteoirí, gur lú i bhfad an bhéim a díriodh ar theagasc agus ar fhoghlaim na litearthachta sa sprioctheanga mar gheall ar riachtanais iomaíocha an churaclaim agus mar gheall ar dheacrachtaí praiticiúla na cianfhoghla. Moltar go láidir ann gur gá díriú air seo sna hiarrachtaí athshlánaithe agus go gcaithfear am, dúthracht agus maoiniú a chaitheamh ar fhorbairt ‘code-focused skills as well as oral language and comprehension skills’ (11)<sup>11</sup>.

Ag tógáil ar Li. & Lalani (2020) a mhíníonn an bunathrú atá déanta ag an phaindéim ar chúrsaí oideachais, déanann Ationg et al. (2021) plé ar an athrú as éadan atá tagtha ar mhodhanna foghlama teanga i rith na dtréimhsí dianghlasála. Cé go mínítear an

---

<sup>10</sup> Is ionann dátheangach seiceamhach agus duine a thosaíonn ar fhoghlaim an dara teanga, mar shampla i suíomh na scoile, i ndiaidh dóibh bunús éigin a fháil i dteanga eile sa bhaile.

<sup>11</sup> Tuigtear nach rud nua é an gá a bhíonn le díriú ar na croí-scileanna teanga agus litearthachta seo ach is amhlaidh is mó a leagann impleachtaí na paindéime béim ar an tábhacht atá leo i suíomhanna tumoideachais. Féach Goldenberg (2020), Mancilla-Martinez & Lesaux (2017); Mancilla-Martinez (2020).

drochthionchar a imríodh, tagraítear do na buntáistí a bhí ann a mbeidh a lorg acu ar mhodhanna múinte amach anseo. Bhí ar mhúinteoirí a bheith cruthaitheach agus solúbtha agus cé nár éirigh le gach rud, feictear go bhfuil fiúntas le cuid de na modhanna úra agus gur fiú leanúint dóibh seo agus in ainneoin na daltaí a bheith ar ais sa tseomra ranga<sup>12</sup>.

Ina thuarascáil ar threochtaí teanga ar son NICILT, maíonn Collen (2021) go raibh cuid mhór tithe gan ceangal idirlín<sup>13</sup> rud a chuir isteach ar an fhoghlaim agus gur bhraith breis agus 50% de na scoileanna sna ceantair is boichte<sup>14</sup> go raibh tionchar mór ag an phaindéim ar fhoghlaim teangacha. Deir sé go maíonn 54% de na daltaí gur deacra i bhfad teanga a fhoghlaim ar líne mar nach ndéantar an teanga a thógáil chomh furasta céanna, mar shampla, maidir le cúrsaí fuaimnithe. Maíonn na daltaí, fosta, gur fusa i bhfad míniú an mhúinteora a thógáil agus iad sa tseomra ranga, rud nach bhfuil chomh deacair céanna i gcás ábhair eile atá fíricbhunaithe. Le teacht isteach ar theanga, caithfidh cuid mhór scileanna éagsúla teacht le chéile, an chumarsáid neamhlabhartha san áireamh, agus is rudaí iad seo nach féidir riar orthu go sásúil ar líne. Cé nach ar an tumoideachas ná ar an bhunscolaíocht atá an taighde seo dírithe, tá fiúntas leis mar go raibh cuid de na modhanna céanna teagaisc ar líne in úsáid.<sup>15</sup>

Sa Bhreatain bheag, tá tuairisc scríofa ag an Choimisinéir Teanga ar thionchar na paindéime<sup>16</sup> ina ndéantar tagairt shonrach don chur isteach ar an tumoideachas agus tá sin ábhartha sa mhéid gur léiriú é ar bheann an rialtais thall ar shaincheistean na tumoideachais. Deirtear:

It is a cause for concern that this period, during which pupils have lost a period of immersion education, could potentially undermine their linguistic skills which are in the process of developing.

---

<sup>12</sup> Baineann na ceistean dea-chleachtais seo le FRT. Féach Torat (2000) a thugann forléargas ar stair an ábhair agus féach Bailey et al. (2020) a phléann FRT i bhfianaise na paindéime.

<sup>13</sup> Is suimiúil seo i bhfianaise thaighde Gips et al. (2004) a léiríonn impleachtaí chostas na teicneolaíochta ar an fhoghlaim ríomhbhunaithe agus Roblyer (2003) a mhíníonn nach mbíonn éifeacht leis na modhanna seo muna mbíonn múinteoirí agus daltaí oile a ndóthain.

<sup>14</sup> Mar a luadh thuas, tá 11/40 Gaelscoil lonnaithe i gceantar den tsórt seo de réir *100 Super Output Areas, 2022*

<sup>15</sup> Féach, fosta, Tao, & Gao (2022) a phléann dúshláin an teagaisc teanga ar líne.

<sup>16</sup> Féach <https://business.senedd.wales/documents/s500006151/CYPE%20COV%20183%20-%20Welsh%20Language%20Commissioner%2010%20July%202020%20Published%20on%2017%20December%202020.pdf>

Tá tuairisciú déanta ag Feidhmeannas Stormont<sup>17</sup> ina maítear nach raibh 37% de thuismitheoirí muiníneach maidir le tacaíocht a chur ar fáil dá gcuid páistí.<sup>18</sup> Munarb ionann agus cás na Breatnaise thuas, is amhlaidh nach bhfuil tagairt dhíreach ar bith déanta don tumoideachas sa tuairisciú seo. Ina dhiaidh sin is uile, tá píosa beag taighde ag an Údarás Oideachais (2020)<sup>19</sup> maidir le barúlacha na gceannairí scoile ó thuaidh ar an tionchar a imríodh ar chumas teangeolaíoch na bpáistí agus na múinteoirí. Chomh maith leis sin, tá léargais tugtha ag CnaG<sup>20</sup> ar an tionchar a fheictear dóibhsean bunaithe ar a dteagmháil le scoileanna agus roinnt bearta athshlánaithe molta acu. Tá amhlaidh déanta ag Andrews (2020) i gcás na náischoileanna<sup>21</sup> agus léargais bhreise tugtha ag an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna<sup>22</sup>. Ó dheas, tá obair déanta ag Gilger (2020)<sup>23</sup> ar éispéiris na múinteoirí Gaelscoile agus tacaíonn sí le cuid mhaith dá bhfuil thuas agus dá bpléifear thíos.

### Cur chuige an tumoideachais

In éagmais mionstaidéar fadtréimhseach ar thionchar na paindéime ar an tumoideachas, is fiú tagairt a dhéanamh don chorpas scolártha ar dhea-chleachtas an tumoideachais, ar thábhacht an ionchuir theangeolaíoch, agus ar thábhacht na ndeiseanna úsáidte teanga. Tá sé ar shlí a ráite gur chuir na tréimhsí cianfhoghlama srian ar chumas na múinteoirí dul i muinín na straitéisí traidisiúnta is éifeachtaí a shamhlaítear leis an tumoideachas sa tseomra ranga, mar sin de, is den chéill comparáid a dhéanamh idir an méid a mholtar a dhéanamh agus an méid a bhíodhas ábalta a dhéanamh agus na daltaí ar shiúl ón tseomra ranga.

Ní beag an méid taighde atá déanta ar an dea-chleachtais oideolaíochta agus ní beag an méid acu nach dtiocfadh a chur i bhfeidhm i rith na dtréimhsí cianfhoghlama. I gcás Cheanada, tá straitéisí faoi leith teagaisc leagtha amach ag Swain (1996). Agus iad ag tógáil

---

<sup>17</sup> Féach [COVID-19 and school shutdowns: Examining the after-effects - Research Matters \(assemblyresearchmatters.org\)](https://assemblyresearchmatters.org).

<sup>18</sup> 50% a bhí ann i gcás thuismitheoirí nach raibh oideachas tríú leibhéal acu.

<sup>19</sup> Féach Aguisín 7.

<sup>20</sup> Féach Aguisín 4.

<sup>21</sup> Féach Aguisín 8.

<sup>22</sup> <https://www.etini.gov.uk/sites/etini.gov.uk/files/publications/pre-school-thematic-report-on-remote-learning.pdf>

<sup>23</sup> <https://irelandseducationyearbook.ie/downloads/IEYB2020/YB2020-second-level-6.pdf>

ar obair scoláirí eile (e.g. Cummins, 2000; Cloud et al. 2000; Baker 2001), leagann May et al. (2004) roinnt táscairí dea-chleachtais amach agus cuireann Alanís & Rodríguez (2008) leis sin. Déantar amhlaidh in Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha (2017) agus Ó Ceallaigh & Ó Laoire (2021) i gcás thumoideachas na Gaeilge. Mar shamplaí de seo, má bhítear le teanga acadúil agus teanga shóisialta na ndaltaí a fhorbairt, feictear go bhfuil ról lárnach ag méid agus fad an tumtha, cumas teanga agus teagaisc an mhúinteora (Cloud et al., 2000), pleanáil éifeachtach tascanna (Ortega, 1999), Foghlaim Chomhtháite Ábhair agus Teanga (FCÁT) (Ó Ceallaigh et al., 2015), deacracht leordhóthanach an ábhair (Lindholm-Leary, 2005), spreagadh na ndaltaí (Murtagh, 2003), deiseanna barántúla úsáidte teanga (Soto-Hinman, 2011), gníomhaíochtaí i dtreo líofachta (Ellis, 2009) agus measúnú agus aiseolais cuí (Lyster & Saito, 2010). Is sonrach go luaitear, fosta, go bhfuil tábhacht nach beag le rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i dturas sealbhaithe teanga na ndaltaí (Craig, 1996) nó feicfeadh thíos gur leagadh freagracht mhór ar thuismitheoirí i rith na dtréimhsí dianghlása. Luann May et al. (2004) an tionchar a imríonn an polasaí oideachais is leithne ar rath an tumoideachais agus arís eile feicfeadh, thíos, go bhfacthas sin níos mó ná riamh i rith na dtréimhsí cianfhoghlama.

Ar na fachtóirí is tábhachtaí maidir le sealbhú an dara teanga, tá méid agus fad na teagmhála leis an teanga agus saibhreas an ionchuir theangeolaíoch (Ellis, 2003)<sup>24</sup>. Mar a mhíníonn Gathercole & Thomas (2005) i gcás na bhfoghlaiméoirí Breatnaise, is amhlaidh is fearr a éiríonn leo nuair a bhíonn teagmháil fhadtréimhseach gan briseadh acu leis an teanga. Caithfidh an t-ionchur i rith na tréimhse sin a bheith oiriúnach, spreagúil agus dúshlánach go leor le teorannacha tuigbheála na ndaltaí a bhrú agus a leathnú. Nuair nach í an sprioctheanga teanga tí na ndaltaí agus nuair is suíomh mionteanga a bhíonn i gceist, leagann sé sin freagracht faoi leith ar an scoil agus ar an mhúinteoir na deiseanna teagmhála a phleanáil agus a chruthú i rith am na scoile. Tá sé léirithe ag scoláirí eile (e.g. Hammer et al., 2008) go laghdaítear ar chumas teangeolaíoch na ndaltaí i rith na laethanta saoire agus go mbíonn ar an mhúinteoir dul siar a dhéanamh ar bhunstór focal agus ar bhunstruchúir teanga i dtús gach bliana agus go nglacann sé tamall ar na daltaí dul ag úsáid na teanga

---

<sup>24</sup> Féach fosta (Unsworth 2016a&b).

sóisialta ó tharla iad a bheith ag sóisialú trí mheán na mórtheanga ar feadh na seachtainí fada.

Pléann Hoff (2008), Li (2012) tábhacht na gcomhthéacsanna sóisialta i bhforbairt an dara teanga. Má bhíonn treisiú le déanamh ar an teanga a thógtar ar scoil agus má bhíonn teanga shóisialta le forbairt, ní mór do dhaltáí a bheith i dteagmháil leis an teanga taobh amuigh den tseomra ranga. Ní mór dóibh a bheith i measc a bpiaraí agus i suíomh ina spreagtar agus ina gcothaítear úsáid na teanga ar bhonn neamhfhoirmeálta. Tugann seo leanúnachas ionchuir do na daltaí, tugann sé deiseanna cleachtaidh don dalta chomh maith le spreagadh dóibh agus déanann sé an teanga a normalú mar ghléas sóisialta in ionad gléas acadúil.

Níl tugtha thuas ach blaiseadh den méid atá foghlamtha againn faoin dea-chleachtas sa tsealbhú teanga ach is tábhachtach an cúlra sin agus muid ag amharc ar éispéiris na múinteoirí agus na ndaltaí faoi na cúinsí úra i rith na paindéime.

## Modhanna oibre

Úsáideadh modhanna éagsúla bailithe sonraí idir chainníochtúil agus chainníochtúil leis na ceisteanna taighde a chíoradh. Ba é ba chuspóir don taighdeoir na ceisteanna taighde a iniúchadh ó pheirspictíochtaí éagsúla, chun tacar saibhir agus ionadaíoch sonraí a thógáil ar mhaithe le hanailís, agus chun a dhéanamh cinnte de go mbeadh deis ag na páirtithe leasmhara is tábhachtaí i.e. RO, ÚO, CnaG, na ceannairí scoile/aonaid, na múinteoirí agus na tuismitheoirí ionchur a bheith acu sa taighde. Ní raibh faill ann barúlacha na ndaltaí a lorg go díreach ach fuarthas iad siad go hindíreach tríd na tuismitheoirí agus na múinteoirí.

Rinneadh na céimeanna éagsúla seo a leanas a chur i gcrích idir Deireadh Fómhair 2021 agus Aibreán 2022:

**Céim 1:** Réamhphleanáil le CnaG. Rinneadh na ceisteanna taighde a chinntiú agus tógadh eolas ábhartha a bhí bailithe acu ar thionchar COVID-19 ar an earnáil.

**Céim 2:** Fóram na bPríomhoidí. Freastalaíodh ar chruinniú de chuid Fhóram na bPríomhoidí leis an taighde a phoibliú agus le réamhbharúlacha a fháil.

**Céim 3:** Agallamh le hionadaí ó RO: pléadh ceisteanna polasaí agus cur chuige RO agus ÚO.

**Céim 4:** Cuireadh nasc chuig suirbhé leictreonach amach chuig gach ceannaire scoile/aonaid. Féach Aguisín 1.

**Céim 5:** Cuireadh nasc chuig suirbhé leictreonach (tríd na príomhoidí) chuig gach múinteoir Gaelscoile. Féach aguisín 2.

**Céim 6:** Cuireadh nasc chuig ceistneoir leictreonach (tríd na príomhoidí) chuig gach tuismitheoir a bhfuil páistí ar Gaelscoil acu. Féach aguisín 3.

**Céim 7:** Iarradh ar cheannairí agus ar mhúinteoirí scoileanna as sampla ionadaíoch páirt a ghlacadh in agallaimh/i bhfócasghrúpaí. Cruthaíodh an sampla de réir chineál na scoile (Gaelscoil/Aonad) agus an cheantair thíreolaíoch.

### Modh bailithe agus anailíse sonraí

Maidir leis na ceistneoirí, baineadh úsáid as SPSS chun anailís aon-athróige agus anailís il-athróige (nuair ba chuí) a dhéanamh ar na sonraí cainníochtúla. Leis na



hagallaimh/fócasghrúpaí, baineadh úsáid as na bogearraí anailíse cáilíochtúla, NiVO, chun na sonraí cáilíochtúla a chódú agus a anailísiú ar bhonn téama.

### Cúrsaí Eitice

Leanadh treoirlíne agus nósanna imeachta Ollscoil Uladh don tionscadal seo a thiteann isteach i gcatagóir A de chuid rialacháin na hOllscoile<sup>25</sup>. Bhí an taighdeoir i dteagmháil dhíreach le daoine fásta ar bhonn deonach agus is iad na múinteoirí a bhí ag plé go díreach leis na páistí. Tá gach sonra a bailíodh sábháilte ar chóras dianslándála na hollscoile agus tá anaithnidiú déanta ar na rannpháirtithe.

---

<sup>25</sup> Tá cóip de seo ar fáil @ [https://www.ulster.ac.uk/\\_data/assets/pdf\\_file/0011/123041/Policy-for-the-Governance-ofResearch-involving-human-participants.pdf](https://www.ulster.ac.uk/_data/assets/pdf_file/0011/123041/Policy-for-the-Governance-ofResearch-involving-human-participants.pdf).

## Torthaí

Fuair gach páirtí leasmhar cuireadh chun ceistneora ceithre huair le linn thréimhse an taighde agus b'amhlaidh an scéil i gcás fhócasghrúpaí scoileanna an tsampla. Ní rabhthas ag súil leis, áfach, go bhfaighfí freagra ó gach duine acu. Mar a léireofar thíos, tá ceannairí scoile agus múinteoirí faoi an-bhrú i gcónaí le gnáthobair na scoile agus bíonn aird tuismitheoirí ar chuid mhór rudaí eile. Is amhlaidh, fosta, atá gach dream acu báite i suirbhéanna ó dhreameanna éagsúla ar cheisteanna a bhaineann leis an scoil.

Ba é ba thábhachtaí deis a thabhairt dóibh siúd a raibh barúlacha acu iad sin a chur in iúl, agus go leor sonraí ionadaíocha a fháil le hanailís a éascú ar na ceisteanna éagsúla taighde. Fuarthas sampla atá leathan agus éagsúil go leor le treochoirí agus barúlacha ginearálta a léiriú. Seo achoimre ar na freagairtí a fuarthas:

### Ceannairí scoile

- 12 fhreagairt
- 10 nGaelscoil & 2 aonad
- 11 bhunscoil & 1 mheánscoil
- Fear Meanach; Tír Eoghain; an Dún; Ard Mhacha; Doire

### Múinteoirí scoile

- 16 fhreagairt
- 12 bhunscoil & 4 aonad
- Fear Meanach; Tír Eoghain; an Dún; Ard Mhacha; Doire
- Rang 1 – Rang 7

### Tuismitheoirí


- 160 freagairt
- 18 mbunscoil; 46 aonad bunscoile; 11 mheánscoil; 35 shruth meánscoile
- Fear Meanach; Tír Eoghain; an Dún; Ard Mhacha; Doire
- Rang 1 – Bliain 12

### Agallaimh/Fócasghrúpaí


- 3 sheisiún
- 2 Ghaelscoil & 1 aonad
- Béal Feirste; Ard Mhacha; Doire

Léaráid 3: Líon na bhfreagairtí a fuarthas sna céimeanna éagsúla


## Tráthúlacht agus sástacht fhreagairt thosaigh na nÚdarás



Léaráid 4: Sástacht ceannairí le freagairt RO Léaráid 5: Sástacht ceannairí le freagairt ÚO



Léaráid 6: Sástacht ceannairí le freagairt CnaG Léaráid 7: Sástacht múinteoirí le freagairt na nÚdarás




Léaráid 8: Sástacht tuismitheoirí le freagairt na nÚdarás

Cé go dtuigtear gurbh éigeandáil í seo nach bhfacthas roimhe agus go raibh RO agus ÚO ag obair faoi an-bhrú ag an tús, is léir go gcreideann na ceannairí scoile (100% i gcás RO agus 92% i gcás ÚO), na múinteoirí (100% agus an dá dhream le chéile) agus 54% de na tuismitheoirí a chomhlánaigh an na suirbhéanna nár tugadh treoirlínte agus tacaíocht chuí in am trátha. Bhí na tuismitheoirí ar lorg eolais ó na múinteoirí, agus na múinteoirí ar lorg eolais ó na ceannairí agus na ceannairí ag fanacht le scéala ó RO nó ÚO nó CnaG. Is amhlaidh a tháinig an t-eolas sa deireadh, in amanna cúpla seachtain mall, agus is ábhar frustrachais a bhí ann do na ceannairí gur tráthnóna Dé hAoine go minic a thagadh sé, sin nó go mbíodh sé i mbéal lucht na meán cumarsáide sula mbeadh sé acu féin.

Maidir le CnaG, 42% de na ceannairí scoile a dúirt nach raibh siad sásta leis an fhreagairt a bhí ann ag an tús. Den chuid is mó, níor bhain sé seo le cúrsaí cumarsáide. Dar le ceannairí an tsuirbhé, in ainneoin go raibh na freagraí uatha mall ag an tús, bhí siad ar fáil le glacadh le ceisteanna agus le héisteacht le deacrachtaí agus tuigeann na múinteoirí go raibh siad teoranta sa mhéid ab fhéidir leo a dhéanamh. Bhí na múinteoirí ar lorg treorach faoin chur chuige i leith na Gaeilge agus an teagaisc ar líne nach raibh ar fáil i rith na chéad dianghlasála. Tá fianaise ann, áfach, (féach Aguisín 4) go raibh stocaireacht ar bun ag CnaG agus tacaíocht eárnála ar bun ag ÚO, rud is léir nár thug ceannairí nó múinteoirí scoile mórán airde air.

I bhfianaise an méid a deir May et al. (2004) maidir le tábhacht na pleanála ón leibhéal is airde anuas, léiríonn idir cheannairí agus mhúinteoirí an tsuirbhé go raibh cliseadh cumarsáide ann go háirithe i rith na chéad dianghlasála. Mhóthaigh na ceannairí scoile nach raibh an dara rogha acu ach na cinntí s'acu féin a dhéanamh maidir le réachtáil an oideachais agus chinn siad feidhmiú de réir n-acmhainneachta féin sa scoil agus iad ag fanacht le treoir oifigiúil ón RO. Cé nach mbíonn aonchineálacht i gcur chuige gach scoile in am ar bith, ní inmholta cur chuige *ad hoc* mar seo i gcás éigeandála ar an ábhar gur fhág sé go raibh réimse cur chuige difriúil i scoileanna difriúla, rud nach raibh cothrom ar na scoileanna sin nach raibh na hacmhainní nó an saineolas iontu le tabhairt faoin chiantagasc ag an tús.

Luann na múinteoirí agus na ceannairí, áfach, an feabhas a tháinig ar an tacaíocht phraiticiúil le himeacht ama. Luaitear go sonrach na cúrsaí traenála ar líne a chuir ÚO agus CnaG ar fáil i ndiaidh tamaill (féach Aguisín 9) agus is léir gur mhóthaigh siad in áit níos fearr le teacht an dara tréimshe cianfhoghlama. Ba mhór an difear a rinne scéimeanna an RO mar shampla *Engage*, *Sealbhú* agus *Supporting Learning* de chuid an ÚO. Luaitear go minic an difear a dhéanann tacaíocht den tsórt seo.




Léaráid 9 : Sástacht tuismitheoirí le freagairt na scoile

Léaráid 10: Sástacht tuismitheoirí le freagairt an mhúinteora

Is inspéise a shástacht a bhí tuismitheoirí an tsuirbhé le freagairt na scoile (78% sásta) agus na múinteoirí aonair (91% sásta). In ainneoin éiginnteacht a bheith ann i measc na dtuismitheoirí agus strus na ndálaí úra orthu, is teist mhaith ar phobal na scoile atá ann gur tuigeadh do na tuismitheoirí go raibh na scoileanna aonarach ag déanamh a ndíchill faoi chúinsí a bhí iontach deacair. Ar na buanna is mó a luaitear ná na scoileanna a bheith sásta glacadh le ceisteanna agus éisteacht le buarthaí agus cumarsáid mhinic a dhéanamh maidir le cur chuige na scoile agus maidir leis an obair a bheadh le déanamh ag na daltaí féin. Tá an méid seo ag teacht le torthaí Bates et al. (2022) i scoileanna Béarla an Tuaiscirt.

## Aird ar an tumoideachas



Léaráid 11: Ar airíodh sainriachtanais na hearnála sna treoirlínte, dar le ceannairí?

Léaráid 12: Ar airíodh sainriachtanais na hearnála sna treoirlínte, dar le múinteoirí?

Feictear nach raibh ceannaire ar bith a chomhlánaigh an suirbhé den bharúil gur airíodh sainriachtanais an tumoideachais sna treoirlínte a tháinig amach ón RO ag an tús. Bhí 98%

de na múinteoirí den tuairim chéanna. Maíonn siad nach raibh tagairt ar bith do dhálaí an tumoideachais i gcuid de na ciorcaláin a cuireadh amach agus gur i mBéarla a tháinig gach rud chucu fosta ag an tús, rud a d'fhág go raibh acusan le dul i mbun aistriúcháin nuair a bhí siad ag streachailt cheana féin le hábhar ranga srl. a chur ar fáil. Ar ndóigh, is obair sa bhreis seo ar an obair bhreise aistriúcháin a bhíodh á fágáil faoi mhúinteoirí Gaelscoile fiú roimh an phaindéim, obair bhreise nach mbíonn le déanamh in earnáil an Bhéarla.

Mar shampla de seo, má amharctar ar an chéad chiorcalán a cuireadh amach (Aguisín 5), níl oiread agus tagairt amháin don tsealbhú teanga. Deirtear:

Schools will wish to take a pragmatic approach to delivering the curriculum, prioritising key knowledge, understanding and skills in each area of learning.

I gcás an tumoideachais, is gá pleanáil faoi leith a dhéanamh maidir leis an teanga nó déantar ábhar an churaclaim a fhorbairt go comhthreomhar leis an teanga féin (Ó Ceallaigh et al., 2015). Theastaigh ó mhúinteoirí comhairle a bheith acu faoin dóigh le hé seo a fhorbairt agus iad ag pleanáil don chiantagasc. Ina éagmais seo, shocraigh siad ar chur chuige a raibh siad féin ábalta aige agus d'fhág seo éagsúlacht mhór ó scoil go scoil.

Is inspéise, fosta, go luaitear go sonrath:

The Department notes that there is no compelling evidence to indicate that such synchronous learning is more effective at improving pupil outcomes than asynchronous approaches through for example pre-recorded lessons.

Ní léirítear sa ráiteas seo buntuisicint ar an dóigh a ndéantar teanga a shealbhú agus ní léir aird a bheith ar an litríocht foghlama teanga a mhaíonn gur fearr meascán den dá chur chuige<sup>26</sup>. Mar a mhínítear thuas, déantar an teanga a thógáil in éineacht le scileanna an churaclaim agus déantar an teanga a thógáil, fosta, de thairbhe na páistí a bheith tumtha sa teanga ar bhonn leanúnach agus idirghníomhaíocht chumarsáideach ann leis na múinteoirí agus lena chéile (Genesee, 1987). Cé go bhfuil buanna ag an chur chuige ais-sioncrónach maidir le teacht leanúnach a bheith ag daltaí ar an ábhar, ní féidir leis an idirtheagmháil oideolaíoch chuí a chur ar fáil agus tá seo luaite ag CnaG i gcomhfhreagras a chuir siad chuig an RO (féach Aguisín 4):


Although research has yet to be undertaken regarding immersion education in a remote learning context, UNESCO reports on remote learning in general consistently cite synchronous methods of teaching as most effective to maintain connections with pupils pastorally and to provide an immersion environment online.<sup>27</sup> All DE/EA guidance issued to schools to date has failed to encourage synchronous learning as an effective pedagogy or to acknowledge the specific needs of learnings in an immersive context.

---

<sup>26</sup> Féach mar shampla Perez (2003); Amity (2020).

<sup>27</sup> <https://unesdoc.unesco.org/ark:/48223/pf0000373764?posInSet=64&queryId=N-4198b5c9-2d42-4ffc-9fbe-4ff5748afd93>

Le himeacht ama, fuarthas sampla an-fhiúntach de shainbheart don tumoideachas mar atá sna *Treoirlíne Comhfhoghlama* (Féach Aguisín 6) ina bhfuil eolas praiticiúil fiúntach maidir le spreagadh na teanga sna heochairchéimeanna éagsúla. Is mór is fiú áiseanna mar seo a bheith ar fáil ach ní léir go bhfuair gach tuismitheoir cóip de seo nó gur cuireadh ar an eolas iad go raibh a leithéid ar fáil.<sup>28</sup>



Léaráid 13: Ar riaradh ar an tumoideachas maidir le hacmhainní, dar le ceannairí?

Léaráid 14: Ar riaradh ar an tumoideachas maidir le hacmhainní, dar le múinteoirí?

Ar an téada céanna, níor chreid na ceannairí (75%) ná na múinteoirí (94%) a chomhlánaigh na suirbhéanna go raibh go leor sainacmhainní ann don Ghaeilge. Is fadhb sheanbhunaithe í go mbíonn ar mhúinteoirí a bheith ag dul i mbun aistriúcháin ar acmhainní Béarla nó go mbíonn orthu acmhainní fóirsteanacha a chruthú as an úr (Ó Ceallaigh & Ní Dhonnabhain, 2015; Ní Chlochasaigh et al., 2020). Is é an rud is mó a dhéanann tinneas d'fhreagróirí an tsuirbhé go bhfuil rogha iontach leathan ar fáil i mBéarla agus go bhfuil cuid na Gaeilge gann i gcomparáid leis sin. Muna ndéanann siad an t-ábhar i mBéarla a aistriú, bíonn siad á gcur ar fáil i mBéarla agus cé go sásaíonn sin scil an churaclaim, tá sin ag teacht salach ar chur chuige an tumoideachais.

Luann cuid acu go bhfuil méid áirithe acmhainní ar fáil ach go nglacann sé barraíocht ama teacht ar na rudaí is fóirsteanáí do na ranganna s'acu féin. Mar shampla de seo, tá obair déanta ag CnaG in éineacht leis an ÚO chun acmhainní a thabhairt le chéile<sup>29</sup>. Má chuirtear sin i gcomparáid le taobh an Bhéarla<sup>30</sup>, feictear gur mó i bhfad atá ar fáil trí an mheán an Bhéarla agus gur fusa agus gur gasta i bhfad teacht ar ábhar atá fóirsteanach do ghnéithe éagsúla den churaclam sna heochairchéimeanna éagsúla<sup>31</sup>.

<sup>28</sup> Bhí nuachtlitir speisialta ag CnaG, fosta, ina leagtar amach acmhainní do thuismitheoirí ach ní léir poiblíocht fhorleathan a bheith déanta uirthi sin. <https://mailchi.mp/f39c6484d048/iseanna-ar-lne>

<sup>29</sup> Féach [Bunscolaíocht - Primary School \(padlet.com\)](https://www.bunscolaiocht.com/)


<sup>30</sup> Féach <https://www.eani.org.uk/primary-school-education-resources>

<sup>31</sup> Tá iarracht níos fearr déanta ag Gaeloideachas ó dheas, <https://gaeloideachas.ie/acmhainni-bunscoile/?lang=ga>, ach arís, ní bheadh sé iontach furasta ag múinteoir ó thuaidh a bhealach a dhéanamh tríd an ábhar seo a bhaineann le curaclam difriúil.

In ainneoin an gearán céanna seo a bheith á dhéanamh le fada, is cosúil gur iarsmaoineamh a bhíonn in earnáil na Gaelscolaíochta go fóill agus is minic nach mbeadh soláthar cuí ann don earnáil gan stocaireacht a bheith déanta ag leithéidí CnaG, Conradh na Gaeilge nó an Dream Dearg. Má bheartáítear sa deireadh ar riar ar an Ghaelscolaíocht, fágann an mhoilleadóireacht go mbíonn an obair seo iontach íseal sna sruthanna oibre, rud a fhágann cleachtóirí agus daltaí faoi mhíbhuntáiste. Seo roinnt samplaí eile agus ní liosta uileghabhálach é.

- IXL: D'fhógair an tAire go mbeadh teacht ag páistí R6 ar na bogearraí seo le cuidiú le tuilleadh cleachta sa litearthacht agus san uimhearthacht. Is i mBéarla amháin a bhí seo ar fáil. Thangthas ar bhogearra cosúil leis seo a bhfuil leagan Gaeilge ann de, *Just2Easy*, ach ní raibh rochtain ag daltaí Gaelscolaíochta air seo go dtí naoi mí i ndiaidh na rochtana ar IXL.
- Comharthaíocht COVID-19: cé gur gealladh do scoileanna go gcuirfí comharthaí ar fáil i nGaeilge roimh fhilleadh chun na scoile, ní bhfuair na ceannairí aon chinnteacht faoi seo in am trátha agus fágadh ualach an aistriúcháin orthu féin.
- Splanc-chártaí & ríomhleabhair GCSE: is i mBéarla amháin a cuireadh na hacmhainní seo ar fáil.


## Ullmhacht chun aistriú ar líne



Léaráid 15: Úsáid modhanna múinte ar líne roimh an phaindéim, dar le ceannairí


Léaráid 16: Úsáid modhanna múinte ar líne roimh an phaindéim, dar le múinteoirí





Léaráid 17 : Oilteacht na mball foirne chun cianteagasc, dar le ceannairí

Léaráid 18: Oilteacht na mball foirne chun cianteagasc dar le múinteoirí



Léaráid 19: Ábaltacht agus múinín chun scolaíochta sa bhaile, dar le tuismitheoirí

Maíonn 75% de na ceannairí agus 63% de na múinteoirí a chomhlánaigh na suirbhéanna nach mbaineadh siad mórán úsáidte as modhanna múinte ar líne roimh an phaindéim. Maíonn 77% de na tuismitheoirí go bhfacthas dóibh nár úsáideadh modhanna múinte ar líne lena gcuid daltaí roimh an phaindéim. Is follas nach ar an fhoghlaim chumaisc a bhíodh an bhéim roimh an phaindéim agus go raibh na straitéisí oideolaíochta fréamhaithe sa tseomra ranga sna Gaelscoileanna agus i scoileanna Béarla (Archambault et al., 2016). Cé nach iontas ar bith seo, léiríonn sé an t-athrú ollmhór a rinneadh thar oíche, rud, is cinnte, a raibh impleachtaí móra aige ar chaighdeán an teagasc ar líne nuair a cuireadh tús leis de chéaduair<sup>32</sup>.

69% de cheannairí agus 75% de mhúinteoirí a mhothaigh nach raibh siad oilte a ndóthain le tabhairt faoin teagasc ar líne. Tuigimid nach raibh an dara rogha ann ach is sonrach a airde atá na figiúirí seo nó bíonn scileanna faoi leith de dhíth le foghlaim ar líne a éascú, scileanna nár mhothaigh na múinteoirí a bhí acu<sup>33</sup>. Maíonn siad go raibh orthu na scileanna seo a fhoghlaim taobh istigh de chúpla lá maidir le húsáid na n-ardán agus an n-aipeanna ar líne. Is

<sup>32</sup> Tá taighde fiúntach déanta ag Nambiar (2020) air seo ó pheirspictíocht na múinteoirí agus na ndaltaí.

<sup>33</sup> Pléann Ferri et al. seo (2020).

teist ar na múinteoirí agus na scoileanna go raibh teacht le chéile iontach gasta ann chun go bhfoghlaimedh siad óna chéile sna scoileanna agus idir na scoileanna, rud a tharla de réir na suirbhéanna. Ina dhiaidh sin is uile, áfach, tá difear idir ábhar a chruthú agus a óstáil ar líne agus teagasc a dhéanamh ar líne. Is ríthábhachtach a chur san áireamh, fosta, go bhfuil scoileanna breise faoi leith de dhíth le teanga eile a theagasc ar líne (Sun, 2011) agus, mar a luadh cheana, is ar an teagasc aonteanga a bhí gach treoir agus moladh a bhí ag teacht ó na húdaráis. Níl aon amhras, mar sin, ach gur chruthaigh seo dúshlán mór ag an tús do mhúinteoirí nach ndearna a leithéid sin roimhe.

Le teacht an dara dianghlasáil, bhí cúrsaí ar an ríomhtheagasc curtha ar fáil (féach, mar shampla, Aguisín 9) agus tuilleadh acmhainní cruthaithe agus mhothaigh na múinteoirí a chomhlánaigh an suirbhé go raibh siad in áit i bhfad níos fearr. Ní hé amháin go raibh traenáil déanta acu ach bhí taithí anois ag cuid mhaith acu ar a bheith ag úsáid acmhainní digiteacha agus barúil acu ar na rudaí ar éirigh leo agus na rudaí nár éirigh leo - céim iontach tábhachtach san oideolaíocht (Wassermann, 1989)

Cé go n-admhaíonn 23% de na tuismitheoirí go raibh sé thar a gcumas ról an mhúinteora a ghlacadh orthu féin sa bhaile, is dearfach go ndeir 47% go ndearna siad a ndícheall in ainneoin nach raibh siad muiníneach. Deir cuid mhaith acu go raibh sé deacair acu an t-am a aimsiú le cuidiú leis an obair agus iad ag iarraidh a bheith ag láimhseáil a bpost féin nó ag tabhairt aire do na páistí eile sa teach. Deir cuid eile go raibh sé doiligh na páistí a spreagadh mar gur tuigeadh do na páistí nach múinteoirí a dtuismitheoirí.<sup>34</sup>

Cé nach luann ach beagán tuismitheoirí easpa scileanna teagaisc go sonrath mar dheacracht, caithfear glacadh leis nach múinteoirí gairmiúla a mbunús, mar sin de, ní bheadh tuigbheáil acu ar mhodhanna múinte ná ar mhodhanna spreagtha foghlama a fhaigheann múinteoirí mar chuid den diantraenáil s'acu.


Má chuirtear easpa Gaeilge agus easpa saineolas múinte teanga na dtuismitheoirí san áireamh, chomh maith le heaspa feasachta ar acmhainní tacaíochta, tá sé ar shlí a ráite gur troime i bhfad a thit impleachtaí an aistrithe ar thuismitheoirí daltaí tumoideachais agus ina dhiaidh sin ar na daltaí féin. Is féidir go raibh bunchnámha an churaclaim á gclúdach ag na tuismitheoirí de réir threoracha na múinteoirí ach ní raibh mórán airde ar an insealbhú teanga; níos minice ná a mhalairt, is trí mheán an Bhéarla a bheadh na tuismitheoirí ag plé an ábhair foghlamtha lena gcuid páistí, rud ar imeacht iomlán é ón nós a mbeadh na páistí féin cleachta leis ar scoil<sup>35</sup>.

---

<sup>34</sup> Féach Walsh et al. (2020) le barúlacha tuismitheoirí i scoileanna Béarla a fháil. Deirtear cuid mhaith den rud chéanna.


<sup>35</sup> Ar ndóigh, bheadh taithí áirithe acu ar a bheith ag gabháil d'obair bhaile ar an dóigh seo.

## Cur chuige i rith na dtréimhsí cianfhoghlama



Léaráid 20: Cur chuige teagaisc i rith na dtréimhsí, dtréimhsí cianfhoghlama, dar le ceannairí

Léaráid 21: Cur chuige teagaisc i rith na cianfhoghlama, dar le múinteoirí



Léaráid 22: Cur chuige na scoile i rith na dtréimhsí cianfhoghlama, dar le tuismitheoirí

Fiafraíodh sna ceisteanna thuas faoin chur chuige i rith na dianghlasála ach is léir an dá mhórthréimhse chianfhoghlama a bheith curtha san áireamh. De réir na dtráchtanna a fuarthas ar na ceisteanna seo agus de réir chomhairle RO (féach lth. 29 thuas), is teagasc ais-sioncronach ba mhó a bhí in úsáid nuair a cuireadh tús leis an chéad dianghlasáil. De dheasca na héiginnteachta a bhraith na múinteoirí agus na príomhoidí, mar aon le deacrachtaí praiticiúla (e.g. easpa bonneagair cianfhoghlama sa scoil; easpa oiliúna na múinteoirí ar an chianfhoghlaim; easpa ríomhairí nó idirlín ag na daltaí), bhí meascán cur chuige ann ag an tús.

Tháinig forbairt ar an chur chuige diaidh ar ndiaidh de réir mar a bhí an teicneolaíocht á cur ar fáil do na daltaí, de réir mar a bhí na múinteoirí ag teacht isteach ar an teicneolaíocht agus iad ag tabhairt faoi thraenáil neamhfhoirmiúil sa scoil nó traenáil fhoirmiúil trí iarrachtaí CnaG agus an ÚO. Faoin am ar tháinig an dara dianghlasáil, is cosúil go raibh iarrachtaí ar theagasc sioncronach ann i gcuid mhaith scoileanna. Is amhlaidh, áfach, nár mhar a chéile an oifríl ó scoil go scoil ná ó bhliainghrúpa go bliainghrúpa go háirithe sna

bunscoileanna. Bhí ranganna ann a mbeadh seisiún beo gach lá acu, ranganna eile a mbeadh seisiún acu uair sa tseachtain, ranganna a mbeidh seisiúin ócáideacha acu agus ansin ranganna ann nach bhfuair seisiún ar bith beo. De réir fhianaise an tsuirbhé, tharla seo go minic sa Bhonnchéim agus in Eochairchéim 1 nuair nár chreid na múinteoirí go mbeadh sé ar chumas na ndaltaí a bheith rannpháirteach nó nuair nach raibh an múinteoir muiníneach ná oílte go leor le tabhairt faoi. Tharla sé, fosta, dar le cúpla múinteoir, mar nach dtiocfadh leo am a chinntiú leis na tuismitheoirí a bhí go fóill ag obair.

Mar a fheicimid i bhfreagraí na dtuismitheoirí, seo thíos na straitéisí ar baineadh úsáid astu. Tugtar faoi deara go bhfuil siad seo ag teacht le Bates et al. (2022) a léiríonn cuid mhaith den chur chuige céanna in ainneoin nach raibh scoileanna an staidéir sin ag plé leis an tsealbhú teanga:

**Pacáistí priontáilte:** D’ullmhaigh agus phriontáil cuid de na múinteoirí i gcuid de na scoileanna pacáistí oibre inar leagadh amach obair de réir thopaicí an churaclaim (e.g. mata, litearthacht, an domhan thart orainn). Bhailigh na tuismitheoirí na pacáistí seo ón scoil. D’fhág an cur chuige seo nár ghá an ríomhaire a úsáid an oiread sin agus thiocfadh le daltaí in éineacht lena dtuismitheoirí a bheith ag obair diaidh ar ndiaidh ar na píosaí. Iarradh, i gcuid de na scoileanna, go gcuirfí pictiúir den obair chríochnaithe chuig na múinteoirí. I scoileanna eile, cuireadh na freagraí amach ar líne agus i scoileanna eile ní dhearnadh mórán monatóireachta ar an obair seo ar chor ar bith.

**Obair le priontáil:** D’ullmhaigh na múinteoirí pacáistí, cuireadh ar fáil ar líne iad agus iarradh ar thuismitheoirí iad a phriontáil nuair ab fhéidir. Is é an míbhuntáiste is mó leis seo nach mbíonn printéir ar fáil i ngach teach<sup>36</sup>, rud a d’fhág roinnt tuismitheoirí in áit na leathphingine. B’ionann an cur chuige aiseolais sa chás seo agus an chur chuige a bhí thuas.

**Naisc aonchineálacha:** Seoladh naisc chuig ábhar a shíl na múinteoirí a bheadh fóirsteanach d’aois agus do leibhéal na ndaltaí. Cé gur féachadh le naisc chuig ábhar Gaeilge a chur ar fáil, ba mhíneach nach raibh an dara rogha ag múinteoirí ach nasc a thabhairt chuig ábhar Béarla ar leithéidí *Twinkl*.

**Teagasc sioncronach aghaidh ar aghaidh:** Baineadh úsáid as meascán ardán chuige seo, *Google Classroom*, *Google Meets* agus *Zoom* agus bhí meascán spríocanna agus minicíocht dhifriúil ann ag brath ar an scoil, ar an bhliainghrúpa agus ar chumas na múinteoirí féin. Mar shampla de seo, bhain múinteoir amháin úsáid as seo ar mhaithe le grúpaí léitheoireachta agus múinteoir eile ar mhaithe le corpoideachas.

**Físeáin:** Bhí *Google Classroom*, *Seesaw* agus *Class Dojo* in úsáid i roinnt scoileanna le roinnt bliainghrúpaí chun físeáin agus tascanna a leagan ar na mic léinn. Rinne cuid de na scoileanna seo mar chomhlánú ar na pacáistí oibre chun treoracha a thabhairt, topaicí a mhíniú do na daltaí agus do na tuismitheoirí agus chun píosaí beaga Gaeilge a chur ar fáil do na daltaí, mar shampla, scéalta, rannta srl.


---

<sup>36</sup> Ní raibh printéir ar fáil in 45% de na tithe i measc na dtuismitheoirí a d’fhreagair an suirbhé.

Cé nach raibh an dara rogha ag na múinteoirí san am, is cinnte go bhfágann an meascán mearaí seo de chuir chuige ó rang go rang agus ó scoil go scoil, nach bhfuair gach dalta an t-eispéireas céanna foghlamtha i rith na chéad dianghlasála. Is cinnte go ndearnadh gach iarracht ábhar an churaclaim a chur i láthair na ndaltaí ar bhealach éigin ach ní fhacthas mórán béime ar theagasc na teanga thar an méid a rinneadh maidir le cúrsaí litearthachta.

Is léir, ó fhreagraí an tsuirbhé agus ó fhaisnéis na bhfócasghrúpaí, gurbh éigin íobairt a dhéanamh sa mhonatóireacht agus san aiseolas. D'fhág seo nach raibh idirghabháil á déanamh i gcónaí i gcás na ndaltaí sin a bhí ag streachailt leis an ábhar a bhí a chlúdach. Sa chás go raibh polasaí docht monatóireachta sa scoil, deirtear sna fócasghrúpaí gurbh iad na páistí a raibh an cuidiú de dhíth orthu na páistí ba lú a bhí ag déanamh na oibre nó a bhí spreagtha chun an obair a dhéanamh. Is cuid bhunúsach den phróiseas foghlama idirghabháil an mhúinteora sa chás seo, agus is amhlaidh a fágadh seo faoi na tuismitheoirí, cuid mhaith acu nach mbeadh eolach ar na bealaí is fearr chuige seo ó tharla nach múinteoirí iad.

Arís, feictear gur tháinig feabhas air seo i rith an dara tréimhse cianfhoghlama agus na múinteoirí níos ullmhaithe don rud a bheadh rompu ach ní féidir a mhaoímh bunaithe ar thorthaí an taighde gur leagadh an bhéim ba mhó, fiú i rith na tréimhse seo, ar an teagasc shioncronach ná ar an teagasc comhtháite ábhar agus teanga (FCÁT).



Léaráid 23: Cur chuige na dtuismitheoirí i rith na dtréimhsí cianfhoghlama, dar leo féin


Le cois cur chuige ilchineálach na múinteoirí, b'amhlaidh a bhí meascán cur chuige i measc na dtuismitheoirí. Ar an chuid is mó de (49%), rinneadh iarracht am faoi leith a leagan amach gach lá le tabhairt faoi na tascanna a cuireadh an scoil ar fáil ach nuair nárbh fhéidir sin, tugadh faoin obair nuair a bhí deis ag na tuismitheoirí a bhí ag obair nó a raibh cúraimí eile orthu. Is beag an céatadán é (3%) ach is fiú a aithint go raibh teaghligh ann nárbh fhéidir lena na tuismitheoirí iontu cuidiú ar bith a thabhairt<sup>37</sup>.

<sup>37</sup> Féach (Bates et al., 2022) a dhearbhaíonn torthaí den chineál chéanna.

Thuig na húdaráis agus thuig na múinteoirí nach dtiocfadh a bheith sainordaitheach faoi dtaobh de seo agus tosca difriúla i ngach teach. Cé go mbíonn gnáthamh an lae scoile iontach tábhachtach i bhforbairt an pháiste, b'éigean glacadh leis nach mbeadh seo amhlaidh agus dá thairbhe sin, d'admhaigh an RO:


One key learning point that has emerged worldwide during the current school closures is that schools should not expect to make similar progress to taught lessons in any given period of remote learning. It will be necessary to identify key learning priorities, without necessarily sacrificing breadth across the curriculum. Schools will wish to take a pragmatic approach to delivering the curriculum, prioritising key knowledge, understanding and skills in each area of learning.

### Eispéireas na múinteoirí



Léaráid 24: Údar struis do mhúinteoirí, dar le ceannairí?

Léaráid 25: Údar struis do mhúinteoirí, dar leo féin?



Léaráid 26: Ualach mór ullmhúcháin, dar le múinteoirí?

Agus athbheithniú á dhéanamh anois ar na modhanna múinte agus straitéisí a úsáideadh i rith na tréimshe seo, tá sé iontach furasta locht a fháil ar chuid den chur chuige a bhí ann. Caithfear cuimhneamh air gur daonna daoine na múinteoirí agus na ceannairí scoile a raibh gnáthbhuarthaí orthu féin san am, bíodh sin cúrsaí teaghlaigh agus clainne agus cúrsaí sláinte<sup>38</sup>. Déanann Kim et al. achoimhre mhaith ar an scéal:

COVID-19 has necessitated many changes in society, including those in education that are likely to be cognitively and emotionally taxing for teachers. Engaging in remote teaching has clearly been one of the most prominent changes required of teachers (Department for Education, [2020a](#))... Furthermore, some teachers may have competing responsibilities, such as home schooling their own children, caring for vulnerable family members, and/or managing their own mental health. All of this runs parallel to teaching their pupils remotely and continuing the non-teaching elements of their job, and the combination of these circumstances can present a potentially highly stressful situation for teachers.

Bhí neart míthuisceana i measc an ghnáthphobail ar an méid a luigh tréimhsí na dianghlasála ar mhúinteoirí scoile gan trácht ar an ualach breise a bhí ar mhúinteoirí Gaelscoile a bhí ag obair ar bheagán áiseanna fóirsteanacha. Is léir ó na freagraí a fuarthas go raibh siad ar theann a ndíchill ag iarraidh oideachas a chur ar fáil dá gcuid daltaí de réir a n-acmhainneachta féin. Léiríonn torthaí an tsuirbhé gur shíl 94% díobh nach raibh go leor acmhainní ar fáil dóibh agus 100% díobh gur leagadh ualach breise ullmhúcháin orthu. I rith na chéad dianghlasála, ní raibh ach cúpla lá réamhfhógartha acu le hábhar a phleanáil agus a chur ar fáil. Is cinnte nach dtiocfadh a bheith ar lorg na hoideolaíochta is fearr ag an tús mar nach raibh an t-am ann chuige. Feictear, sna modhanna a cuireadh ar fáil agus san fhorbairt a tháinig ar an chur chuige ón chéad dianghlasáil go dtí an dara dianghlasáil, seifiúlacht na múinteoirí agus an díograis atá iontu chun oiliúna, chun feabhais agus chun dea-chleachtais.


Maíonn 100% de na ceannairí agus idir 94% de na múinteoirí féin a chomhlánaigh an suirbhé gur am an-strusmhar a bhí ann do na múinteoirí.<sup>39</sup> Bhí agus tá na múinteoirí seo ag obair faoi an-bhrú agus ní fios go fóill cén tionchar fadtréimhseach a bheas aige seo ar a meabhairshláinte. Caithfear, amach anseo, tuilleadh taighde, mar atá déanta ag Baker et al. (2021), a chur i gcrích agus bearta a cheapadh a rachaidh i ngleic leis seo.

---

<sup>38</sup> Tá fianaise starógach faighte ó agallaimh agus ó chomhráite neamhfhoirmiúla go bhfuil roinnt cleachtóirí/ceannairí cailte ó earnáil na Gaelscolaíochta de dheasca an struis seo.


<sup>39</sup> De réir suirbhé a rinne an ÚO i measc na gceannairí scoile (féach Aguisín 7), creideann formhór na gceannairí scoile go raibh tionchar diúltach ag an phaindéim ar fholláine ball foirne sna scoileanna.

## Eispéireas na ndaltaí/na dtuismitheoirí



Léaráid 27: Spreagadh na bpáistí, dar le tuismitheoirí

Léaráid 28: Ábaltacht na bpáistí, dar le tuismitheoirí



Léaráid 29: Údar mór struis do thuismitheoirí, dar le ceannairí?


Dá mhéad a luigh deacrachtaí na dtréimhsí cianfhoghlama ar mhúinteoirí, is amhlaidh is mó a luigh sé ar na daltaí féin agus ar na tuismitheoirí. Léiríonn taighde eile (mar shampla, Bahn (2020)) gur cuireadh isteach cuid mhór ar mheabhairshláinte agus ar nósanna sóisialta na ndaoine óga.

Léiríonn na staitisticí thuas go raibh sé deacair ar na tuismitheoirí agus ar na daltaí aistriú chuig an chianfhoghlaim. Creideann breis agus 90% de na ceannairí scoile gur chruthaigh an fhoghlaim sa bhaile strus breise do na tuismitheoirí. Deir 30% de na tuismitheoirí nach raibh na páistí spreagtha le tabhairt faoin obair sa bhaile agus 55% a dúirt nach raibh siad spreagtha ach cuid den am. Maíonn cuid mhaith de na tuismitheoirí nach raibh suíomh an tí fóirsteanach le tabhairt faoin fhoghlaim. Cé go raibh éispéiris dhifriúla ag na páistí óga agus ag páistí is sine, is léir go raibh sé doiligh ag cuid mhaith den dá dhream tabhairt faoi obair ar na gléasanna a mbíonn siad ag baint caithimh aimsire astu de ghnáth gan trácht ar chur isteach rudaí eile ar nós consól, an teilifíseáin, rudaí, ar ndóigh, a bhíonn dírithe ar dhomhan an Bhéarla. Cé go mb'fhéidir go dtabharfadh siad faoi na tascanna sin a raibh siad ábalta acu agus a raibh dúil acu iontu, bhí cur in éadan ann i gcás cuid de na tascanna a bhí deacair



acu nó nach raibh spreagúil, dar leo (Holt, 2021). Bhí frustrachas ann sa chás nár thuig siad an tasc agus nuair nach raibh an tuismitheoir san áit arbh fhéidir leis/léi míniú a thabhairt de cheal ama nó eolais. Cuidíonn *esprit de corps* an ghrúpa (Hepler, 1997) agus straitéisí gairmiúla na múinteoirí le spreagadh na bpáistí agus bhí sé deacair ag tuismitheoirí na tosca céanna a chruthú sa teach.

Cé nár cuireadh ceist dhíreach sa tsuirbhé maidir le páistí SRO, luann tuismitheoirí na bpáistí seo gur mór a bhí siad thíos leis na tréimhsí seo. Tacaíonn suirbhé an ÚO leis seo (féach aguisín 7). Bíonn oiliúint, cur chuige agus idirghabháil faoi leith de dhíth i gcás na bpáistí seo ach is amhlaidh nach raibh caoi ag na múinteoirí plé go hindibhidiúil leis na sainriachtanais seo agus iad ag iarraidh oideachas a chur ar fáil don mhóramh<sup>40</sup>.



Léaráid 30: Deacracht na Gaeilge do thuismitheoirí, dar le múinteoirí? Léaráid 31: Ar bhac an Ghaeilge, dar le tuismitheoirí?

Maidir le ceist na Gaeilge féin, creideann 87% de na múinteoirí gur chruthaigh an Ghaeilge deacracht bhreise do na tuismitheoirí<sup>41</sup>. Má ghlactar sampla an tsuirbhé, maíonn breis agus 50% de thuismitheoirí gur bhac an Ghaeilge dóibh cuidiú leis na páistí.

Maidir le cumas sa Ghaeilge, bhí meascán mór ann seo<sup>42</sup>. Bhí tuismitheoirí ann a raibh a sáith Gaeilge acu le cuidiú lena gcuid páistí. Mhottaigh siad seo go raibh buntáiste faoi leith acu mar go dtiocfadh leo cuidiú teanga a chur ar fáil chomh maith le cuidiú maidir leis an churaclam. Maíonn cuid mhaith acu, áfach, nach raibh an t-am acu atmaisféar na scoile a athchruthú sa teach agus nach dtiocfadh tumoideachas a thabhairt ar an rud a bhí siad a dhéanamh. Bhí teaghlaigh eile ann a raibh páistí is sine iontu atá nó a bhíodh sa chóras Gaelscolaíochta agus go raibh siad sin ábalta cuidiú áirithe a thabhairt ach ba dhoiligh seo ó tharla iad a bheith ag streachailt lena gcuid oibre scoile féin. Bhí ansin tuismitheoirí nach raibh acu ach cúpla focal agus maíonn na daoine sin nach raibh an mhúinín nó an cumas iontu cumarsáid a dhéanamh leis na páistí trí Ghaeilge, mar sin, go ndeachaigh siad i muinín

<sup>40</sup> Is fiú Hurwitz et al. (2022) a léamh le léargas a fháil ar chúrsaí SRO i rith na paindéime. Pléann Nic Aindriú et al. (2020) dúshláin SRO sa tumoideachas fiú roimh an phaindéim.

<sup>41</sup> Tá seo ag teacht le torthaí Shuirbhé an ÚO (féach Aguisín 7, ceist 7)


<sup>42</sup> Cé nach bhfuil figiúirí cruinne againn air seo, is féidir a mhaoimh gurb airde ná 54% an fíorfhigiúr maidir le tuismitheoirí gan Ghaeilge. Luaitear seo go minic sa litríocht. Is dócha, fosta, go raibh na tuismitheoirí sin a raibh Gaeilge acu níos barúlaí faoi ábhair an taighde agus gur ardaigh sin an figiúr.

an Bhéarla. B’amhlaidh an scéal seo sna teaghlaigh sin nach raibh Gaeilge ar bith ag na tuismitheoirí/na cúramóirí iontu. Muna raibh na páistí ábalta an Ghaeilge a thuiscint sna tascanna, chuaigh sé crua orthu cuidiú a thabhairt. Maítear gur ábhar mór frustrachais a bhí ann iad a bheith ag iarraidh na páistí a spreagadh chun oibre ach gan na scileanna teanga acu féin le tacaíocht chuí a chur ar fáil. Luaitear seo go sonrach maidir le cúrsaí léitheoireachta agus fónaice. Ar ndóigh, bhí na deacrachtaí seo pléite ag leithéidí Kavanagh & Hickey (2013) maidir leis an ghnáthobair bhaile i bhfad roimh an phaindéim.

Moltar go minic, an iarracht a rinne cuid de na múinteoirí treoracha a chur ar fáil do na daltaí i nGaeilge agus na treoracha céanna a chur ar fáil do thuismitheoirí trí mheán an Bhéarla. Ba mhór an cuidiú na físeáin inar léadh leabhair nó liostaí stóir focal agus luaitear, fosta, go bhféadfaí tacaíocht éigin a thabhairt le húsáid leithéidí *Google Translate* agus *Teanglann.ie*.


Is é an mórtháta atá le baint as na heispéiris éagsúla seo go ndearna bunús na dteaghlach iarracht éigin dul i ngleic leis na tascanna, bíodh sin trí mheán na Gaeilge nó trí mheán an Bhéarla. Is amhlaidh, áfach, nach dtiocfadh tumoideachas a thabhairt air seo mar nach raibh an chumarsáid leanúnach débhealaigh ann mar a gheobhadh siad i suíomh na scoile agus beidh impleachtaí amach anseo ag an easpa teagmhála seo leis an teanga.

## Teagmháil na ndaltaí leis na Gaeilge



Léaráid 32: Teagmháil na ndaltaí leis an Ghaeilge, dar le ceannairí


Léaráid 33: Teagmháil na ndaltaí leis an Ghaeilge dar le múinteoirí



Léaráid 34: Teagmháil na bpáistí leis an Ghaeilge, dar le tuismitheoirí

Léiríonn torthaí an tsuirbhé nár shíl duine ar bith de na ceannairí scoile ná de na múinteoirí agus breis agus 50% de na tuismitheoirí a chomhlánaigh an suirbhé gur nochtadh na páistí do go leor Gaeilge rith na dtréimhsí cianfhoghlama. Míníonn May et al. (2004) agus Gathercole & Thomas (2005) gurb amhlaidh gur fearr a éiríonn leis an tumoideachas nuair a bhíonn teagmháil fhadtréimhseach leanúnach ag an fhoghlaiméoir leis an sprioctheanga ach ní hamhlaidh a bhí i gcás na ndaltaí tumoideachais i rith na tréimhse seo. Má bhí obair scoile trí na mheán na Gaeilge ar bun acu, níorbh ionann í agus suíomh ina raibh ionchur fóirsteanach teangeolaíoch laethúil ann agus deis ag na páistí a bheith sáite sa Ghaeilge, ag éisteacht léi agus iad ag úsáid na scileanna teanga le tabhairt faoin obair.

Seo thíos roinnt samplaí a thugann tuismitheoirí an tsuirbhé de dheiseanna eile a bhí ag na páistí a bheith i dteagmháil leis an teanga.



Léaráid 35: Dóigheanna eile ar nochtadh na páistí don Ghaeilge, dar le tuismitheoirí


55% de na tuismitheoirí a dúirt gur bhain a gcuid páistí úsáid as aipeanna ar líne (a mhol an scoil). 50% a luaigh na cláir do pháistí ar an BBC agus ar TG4 agus 42.5 a luaigh léamh leabhar. Cé nach bhfuil sé seo ar comhchaidheán leis an teagmháil a bheadh acu leis an

teanga ar scoil, is tuar dóchais é gur bheartaigh na tuismitheoirí agus páistí dul i muinín na n-acmhainní seo. Is amhlaidh, áfach, nach ndéanann na gníomhaíochtaí seo mórán sochair do ghinchumais (labhairt agus scríobh) na bpáistí. Ní hionann a bheith ag tabhairt na teanga isteach agus a bheith á cruthú, rud a thabharfaí orthu a dhéanamh agus iad sa tseomra ranga.

Luann cúpla tuismitheoir go samhlaíonn na páistí an Ghaeilge le suíomh na scoile amháin agus gur deacair, mar sin, iad a spreagadh chun béil sa teach<sup>43</sup>. Ina dhiaidh sin is uile, is dearfach go maíonn 44% de na tuismitheoirí a chomhlánaigh an suirbhé gur úsáideadh an Ghaeilge i measc baill teaghlaigh. Is íseal an figiúr maidir le húsáid na Gaeilge i measc piaraí (16%) ach bhain deacracht phraiticiúil leis seo sa mhéid go raibh siad gafa sa teach agus i measc na ndaoine is óige, ní bheadh sé de nós acu teagmháil mar seo a dhéanamh lena gcuid piaraí ranga. I gcás na ndaoine is sine, bíodh go mb'fhéidir go raibh siad i dteagmháil lena gcuid cairde scoile, is dócha gurb é an Béarla an modh cumarsáide ba mhó a bhí acu.

Ní luann ach 14% de na tuismitheoirí a chomhlánaigh an suirbhé nach raibh teagmháil bhreise ar bith ag a gcuid páistí leis an Ghaeilge agus is maith a léiríonn sin go raibh beann ag tuismitheoirí ar chúrsaí Gaeilge agus go raibh siad ag spreagadh a bpáistí ina treo. Ina dhiaidh sin is uile, áfach, seo líon suntasach páistí nach bhfuair buntáiste na n-acmhainní breise agus is cinnte go raibh siad thíos leis sin ar fhilleadh ar an tsuíomh tumoideachais dóibh agus iad ag meascadh arís le daltaí nach raibh chomh neamhchleachta céanna.


## Tionchar ar Ghaeilge na ndaltaí



Léaráid 36: Dochar teangeolaíoch déanta, dar le ceannairí?

Léaráid 37: Dochar teangeolaíoch déanta, dar le múinteoirí

<sup>43</sup> Pléann Murtagh (2007), mar shampla, íomhá na Gaeilge mar theanga don tseomra ranga i measc daltaí scoile.



Léaráid 38: Dochar teangeolaíoch déanta, dar le tuismitheoirí


I bhfianaise na gcleachtas arbh éigean dul ina muinín, an líon mór teaghlach nach bhfuil Gaeilge ar bith iontu agus an easpa deiseanna a bhí ag páistí a gcuid Gaeilge a úsáid, fiafraíodh faoi dhul chun cinn teangeolaíoch na ndaltaí. Maíonn 92% de na ceannairí scoile agus 94% de na múinteoirí a ceistíodh go bhfeictear dóibh go bhfuil dochar déanta do dhul chun cinn na ndaltaí ó thaobh shealbhú na teanga de<sup>44</sup>. Feictear do cheannairí gur i rang 3/4/5 is mó a bhí an dochar seo le feiceáil ach creidtear go raibh iarmhairtí ann do gach bliainghrúpa.

Cuireadh ceist ar mhúinteoirí maidir le gach scil teanga agus 100% de na freagróirí a luaigh iarmhairtí ar gach scil teanga taobh amuigh den chluastuisceant<sup>45</sup>. Maidir leis an labhairt agus chluastuisceant, maíonn na múinteoirí go bhfeictear dóibh nach bhfuil an tuisceant chéanna ann ar an Ghaeilge labhartha. Tugann siad samplaí na mbuntreoracha sa rang a úsáideadh roimh na tréimhsí cianfhoghlama. Deir siad go mbíonn orthu briseadh ar an Bhéarla níos minice agus go gcluineann siad freagraí i mBéarla ó na daltaí níos minice ná mar a chluintí. Luaitear fosta, easpa scileanna sa teanga shóisialta<sup>46</sup>. Níl cuid mhaith daltaí ar a gcompond leis an ghnáthchumarsáid le chéile nó leis na múinteoirí taobh amuigh den chumarsáid a bhaineann le cúrsaí foghlamtha sa rang. Maidir leis an léitheoireacht agus an scríobh, ar dlúthchodanna de churaclam na bunscoile iad, is léir go bhfuil gach páiste i ngach suíomh oideachais thíos leis seo (féach, mar shampla, Skar, 2021). Is amhlaidh, áfach, a bhíonn na scileanna teanga seo fite fuaite ina chéile, mar sin de, muna mbíonn na daltaí ag cleachtadh na scileanna cluastuisceana agus na scileanna labhartha trí mheán na Gaeilge, imreoidh sin tionchar ar na scileanna eile, rud nach mbeadh amhlaidh leis na páistí sin san oideachas Béarla a bhíonn ag éisteacht agus ag labhairt an Bhéarla i rith an ama sa bhaile.

<sup>44</sup> Tá sé seo ag teacht le suirbhé an ÚO ina luann 100% de na ceannairí go bhfuil dochar déanta do shealbhú Gaeilge a gcuid daltaí de dheasca na paidéime (Aguisín 7).

<sup>45</sup> 6% a dúirt nár cuireadh isteach ar an chluastuisceant.

<sup>46</sup> Tá plé ábhartha déanta ag Koven (2007) ar an difear sa teanga shóisialta idir an mhórtéanga agus an mhiontéanga.



Léaráid 39: dochar déanta do mhúinín theangeolaíoch, dar le múinteoirí

Léaráid 40: dochar déanta do mhúinín theangeolaíoch, dar le tuismitheoirí

Cuid thábhachtach de dhul cinn an fhoghlaimora teanga is ea an mhúinín a bhíonn acu as a scileanna teanga (Clément et al., 2004). Creideann 100% de na múinteoirí agus 66% de na tuismitheoirí a chomhlánaigh an suirbhé gurb amhlaidh nach bhfuil na páistí chomh muiníneach agus a bhíodh ó thaobh teanga de. Tá dlúthbhaint idir cúrsaí muiníne agus cúrsaí spreagtha maidir le spreagadh chun foghlama agus spreagadh chun úsáidte (ibid.). Tá feicthe, go bhfuil na múinteoirí den tuairim go bhfuil na scileanna éagsúla teanga i ndiaidh fulaingt agus is leis an fhéinmhúinín seo a thosaíonn cuid mhaith d'fhuascailt na faidhbe.

Is ábhar géaráin fadbhunaithe é nach bhfuil creatlach forbartha teanga ann do na Gaelscoileanna (féach Ó Domagáin et al., 2019). Níl na modhanna measúnaithe atá ar fáil go hiomlán fóirsteanach don Ghaelscolaíocht agus ní dhéanann siad measúnú éifeachtach ar bhunscileanna teanga ná litearthachta. Ina fhianaise seo, fiafraíodh faoin bhonn eolais atá faoi thuairimí na múinteoirí ar na hiarmhairtí ar chumas teangeolaíoch na ndaltaí. Is ar a mbreith ghairmiúil féin óna bheith ag caint leis na páistí agus óna bheith ag amharc ar a gcuid oibre is mó atá siad á bhunú seo ach luaitear aiseolas na dtuismitheoirí agus ndaltaí féin.<sup>47</sup> Tá sé sin ag teacht le torthaí shuirbhé an ÚO (féach aguisín 7, ceist 2).


## Filleadh chun na scoile

Tuigtear nach bhfuil deireadh le cur isteach na paindéime go fóill. In am tógtha na dtorthaí seo, in ainneoin go raibh na scoileanna oscailte go hoifigiúil bhí deacrachtaí móra go fóill le cúrsaí tinrimh agus tinnis<sup>48</sup>. Bhí seachtainí ann nuair a bhíodh líon mór scoláirí (Meán Fómhair - Feabhra) as láthair agus an víreas orthu nó iad ag féinleithleasú mar gheall ar chásanna sa rang. Bhí seachtainí ann nach raibh teacht ar go leor múinteoirí ná ionadaithe

<sup>47</sup> Léiríonn 63% de na tuismitheoirí a chomhlánaigh an suirbhé go bhfuil siad ag bunú a gcuid barúlacha ar a bheith ag éisteacht le hiarrachtaí na bpáistí ar an Ghaeilge agus ar a bheith ag amharc orthu i mbun obair bhaile. Luann 44% gur admhaigh na páistí féin go raibh laghdú ag teacht ar a gcumas teanga agus 33% a bhunaíonn a gcuid barúlacha ar thuarascálacha na múinteoirí.


<sup>48</sup> Féach <https://www.bbc.co.uk/news/uk-northern-ireland-59855250>

le ranganna a chlúdach<sup>49</sup> agus gurbh éigean laethanta iomlána a chur ar ceal agus fillleadh ar an fhoghlaim sa bhaile. Ní mar a chéile na fadhbanna seo i ngach scoil ach tá sé ar shlí a ráite go bhfuil cuid de na deacrachtaí ar tagaíodh dóibh thuas go fóill ann. Creideann 85% de na ceannairí agus 94% de na múinteoirí a chomhlánaigh an suirbhé gurb amhlaidh atá.



Léaráid 41: Dul siar de dhíth, dar le múinteoirí?

Léaráid 42: Leibhéal íslithe deacrachta, dar le múinteoirí?




Léaráid 43 Leibhéal cumarsáide trí Ghaeilge, dar le múinteoirí

Agus na daltaí ar ais ar scoil gach iarraidh, bhí bris na tréimhse amuigh le tabhairt isteach. Deir 100% de na múinteoirí go raibh orthu dul siar a dhéanamh ar bhunstruchtúir teanga agus nach dtiocfadh leo a bheith ag plé leis an teanga ar an leibhéal chéanna deacrachta. Tá impleachtaí aige seo ar theagasc an churaclaim. Ní hé amháin go mbíonn am de dhíth i rith an ghnáthlae scoile leis an bhris maidir le hábhar an churaclaim a thabhairt isteach ach bíonn am le haimsiú fosta le hidirghabháil teanga a dhéanamh. Léiríonn 81% de na múinteoirí a d'fhreagair an suirbhé go mbíonn i bhfad níos lú cumarsáide trí mheán na Gaeilge ann i ndiaidh dóibh fillleadh ó thréimhse amuigh. Maidir le teanga acadúil na bpáistí,

<sup>49</sup> Féach Aguisín 4

déantar an teanga seo a fhorbairt fad atáthar ag dul don churaclam ach ní féidir brú ar aghaidh leis an churaclam má tá dearmad déanta ar bhuntearmaíocht na gcoincheap ba chóir a bheith ar eolas ag na daltaí, gan trácht ar an scil a bhaineann leis an choincheap féin. Is doiligh an dá thrá seo a fhreastal agus is é deacracht í nach mbíonn na scoileanna Béarla ag plé léi ar an dóigh chéanna.<sup>50</sup>

## Aird tarraingthe ar dheacrachtaí a bhí san earnáil cheana féin



Léaráid 44: Aird tarraingthe ar dheacrachtaí seanbhunaithe, dar le ceannairí

Léaráid 45: Aird tarraingthe ar dheacrachtaí seanbhunaithe, dar le múinteoirí

I bhfianaise a bhfuil pléite thuas, is cinnte gur chruthaigh na tréimhsí cianfhoghlama deacrachtaí nua maidir le planáil curaclaim agus teanga ach is suimiúil go luann 77% de na ceannairí scoile agus 100% de na múinteoirí a ceistíodh gurb amhlaidh a leag tréimhse na paindéime tuilleadh airde ar dheacrachtaí seanbhunaithe san earnáil. Orthu sin a luaitear tá:

- Saintuiscint ar an earnáil

Cé go dtuigtear gur gá don RO polasaithe a lorg a bheas ag riar ar an mhóramh, ní léir go dtugtar go leor airde ar shainriachtanais earnáil an tumoideachais agus polasaithe á ndruchtú. Fágann sin nach mbíonn na polasaithe sin fóirsteanach do na dálaí faoi leith atá sna Gaelscoileanna. Bíonn ar cheannairí scoile agus ar CnaG stocaireacht a dhéanamh go minic le míniú a thabhairt ar na deacrachtaí a chruthódh polasaithe faoi leith agus fiú má ghactar leis na moltaí seo, is é an deireadh a bhíonn air sin go gcuirtear moill ar leas an pholasaí don earnáil. Mar a chonacthas thuas (leathanach 29), tharla seo leis na ciorcaláin éagsúla a cuireadh amach i rith na paindéime (<https://www.education-ni.gov.uk/departments/education-circulars>). Tharla sé fosta, leis an tionscadal *Engage*. Cé gur tionscadal iontach fiúntach agus iontach cuidiúil a bhí ann, dar leis na múinteoirí, níor thuig lucht a dhéanta na deacrachtaí praiticiúla a bheadh ag na Gaelscoileanna an t-airgead a chaitheamh mar a bhí beartaithe. Seo a mhíníonn CnaG é (Aguisín 4)

From the outset, CnaG raised concerns regarding the implementation of Engage in schools due to a shortage of qualified IM teachers and this led to delays in the programme's initiation in IM schools. CnaG sought flexibility for those schools who

<sup>50</sup> Cé go bhfuil Johnson & Swain (1994) ag plé leis mhalltumadh, tá cuid den phlé ábhartha anseo.



were unable to identify a suitably qualified teacher to allow those schools to instead employ additional classroom or language assistants. Although flexibility was finally granted, a considerable amount of invaluable time lapsed when intervention could have been taking place to the benefit of those IM pupils most affected by the pandemic.

- Acmhainní foghlama

Léiríodh thuas (lth. 37) nach bhfuil acmhainní na Gaeilge inchurtha le hacmhainní an Bhéarla. Cé go gcaithfear a bheith réadúil faoi nach mbeidh siad ar comhchéim choíche, de cheal airgid agus comhlachtaí príobháideacha ar lorg brabúis nach féidir leo a shaothrú ar acmhainní mionteanga, ní leor an éagsúlacht acmhainní atá ann faoi láthair in ainneoin obair mhór CCEA agus an Áisaonaid. Leagadh amach in athbhreithniú ar an Ghaelscolaíocht de chuid an RO féin gurbh amhlaidh seo chomh fada siar le 2008 agus cé go bhfuil feabhas tagtha, tá bunús an ráitis fíor i gcónaí:

Tá comhdhearcadh ann go bhfuil easpa acmhainní trí Ghaeilge ar fáil d'earnáil na Gaelscolaíochta.... D'aithin Bord an Tionscadail an méid a dhéanann múinteoirí agus scoileanna seiftiúla chun a n-acmhainní a fhorbairt. Laistigh d'earnáil na gaelscolaíochta, i dtimpeallacht ina bhfuil easpa ábhar Gaeilge, ba dhúshlán sainiúil é an brú a bhí ann acmhainní a fhorbairt. Cé go leanfaidh múinteoirí le hábhair a fhorbairt, tá sé tábhachtach nach n-úsáideann na héilimh seo cuid ró-mhór ama na múinteoirí. (97)

- Acmhainní digiteacha

Cé go mbaineann acmhainní digiteacha le ceist na n-acmhainní foghlama thuas, tá tábhacht, faoi leith le soláthar acmhainní teicneolaíochta do na daltaí féin. Tá 36% de na daltaí tumoideachais i dteideal béilí saora i gcomparáid le 28.4% sna scoileanna Béarla. Ar leibhéal na meánscolaíochta, is 46.5% agus 27% atá ann faoi seach, (féach Aguisín 4). Tá cuid mhaith de na Gaelscoileanna suite i gceantair faoi mhíbhuntáiste. Maíonn roinnt múinteoirí agus ceannairí scoile gur thuairiscigh tuismitheoirí nach raibh na hacmhainní digiteacha cearta acu (go leor ríomhairí/taibléad, ceangal idirlín srl) le go bhféadfaí leas a bhaint as an oideachas a bhí á chur ar fáil ar líne. Is léir gur ghníomhaigh an RO air seo<sup>51</sup> ach is obair leanúnach a bheas inti seo. Míníonn CnaG seo:

Ten of the thirty-two Irish-medium schools are located in the top 100 most deprived Super Output Areas meaning IM schools have had to contend with greater digital exclusion during the initial period of lockdown with a higher number of pupils disengaged from education.

I rith na bhfócasghrúpaí, luadh an cur digiteach amach anseo. Ba den chríonnacht leanúint de mhodhanna cumaisc foghlamtha as seo amach agus chuige sin is mó teicneolaíocht a bheas in úsáid sa tseomra ranga agus taobh amuigh de, mar shampla FRT, aipeanna, suíomhanna gréasáin<sup>52</sup>. Luann roinnt múinteoirí nach bhfuil na hacmhainní digiteacha cuí acu chun seo a láimhseáil agus go gcuirfidh sin bac ar pé buntáiste is féidir a bhaint as dea-

<sup>51</sup> Féach <https://www.education-ni.gov.uk/news/minister-outlines-plans-provide-digital-devices-disadvantaged-children>

<sup>52</sup> Tá plé déanta ag Harney (2008) ar cheist na n-acmhainní digiteacha Gaeilge.

chleachtas ríomhbhunaithe a foghlaimíodh i rith na dtréimhsí cianfhoghlama. Míníonn CnaG é:

A wealth of resources and apps are available online for EM pupils, leaving IM pupils at a severe disadvantage when accessing materials from home. In all recent consultations with the IM sector, principals have consistently requested additional online resources and apps, appropriate for online learning across all Key Stages in the immersion context.

- Acmhainní daonna

Ní fadhb nua í easpa acmhainní daonna sna Gaelscoileanna. Tá deacrachtaí móra maidir le sólathar múinteoirí don dara leibhéal ach baineann an fadhb le ceannairí réamhscoile agus múinteoirí bunscoile chomh maith le múinteoirí ionaid ar gach leibhéal. Chonacthas seo go soiléir i rith na paidéime. Ar dtús, ní raibh na múinteoirí ar fáil le leas mhaoiniú *Engage* a shásamh ach ansin bhí géarchéim i gcuid de na scoileanna maidir le heaspa múinteoirí nuair a bhí baill éagsúla den fhoireann tinn nó ag féinleithlisiú. D'fhág seo nach raibh roinnt scoileanna ábalta múinteoir a chur ar fáil agus gurbh éigean na daltaí a choinneáil sa bhaile. Cé go bhfuil na deacrachtaí céanna sna scoileanna Béarla, tá léirithe, i bhfianaise an taighde seo, go gcuireann cailliúint an tumtha isteach ar dhul chun cinn teangeolaíoch na ndaltaí in éineacht le dul chun cinn curaclaim; bíonn ionadaí de dhíth a bhfuil Gaeilge aige/aici agus laghdaíonn seo an linn. Seo mar a mhíníonn CnaG é:

[T]he issue of teacher supply is not a new one. The IM sector is primed to be more acutely affected by teacher shortages as a dearth of teachers already existed before the current crisis. This was highlighted during the implementation of the Engage programme where one fifth of IM schools were unable to employ a suitably qualified teacher. Teacher shortages are particularly felt at post-primary level with a lack of subject-specific teachers.

- Acmhainní measúnaithe

Níl na hacmhainní measúnaithe caighdeánacha fóirsteanach don earnáil. Maidir leis an teanga, baineann scoileanna éagsúla úsáid as modhanna éagsúla measúnaithe le dul chun cinn teanga na ndaltaí a mheas e.g. Triail Ghaeilge Dhroim Conrach ach deirtear go minic nach bhfuil a leithéid seo rófhíúntach. Léiríodh seo i ndiaidh do na scoileanna filleadh ó na tréimhsí cianfhoghlama. In éagmais measúnaithe caighdeánacha, bhí sé doiligh ag múinteoirí an fíorthionchar ar theanga na ndaltaí a oibriú amach. Is cinnte go bhfuil siad gairmiúil go leor lena mbreithiúnas féin a thabhairt, agus rinneadh sin, ach ní cheadaíonn seo comparáid chruinn idir cohóirt ná idir scoileanna, rud a fhágann gur deacair tagarmharcáil a dhéanamh. Is ábhar frustrachais a bhíonn ann do mhúinteoirí nach eol dóibh an bhfuil an dul chun cinn atá siad a dhéanamh ag teacht leis an dul chun cinn atá ann i scoileanna eile. Tá CCEA ag obair ar chreatlach forbartha teanga agus eascróidh áiseanna measúnaithe as sin ach glacfaidh seo roinnt blianta.

- Sainoiliúint earnála

Léiríodh thuas (lth. 31) nach raibh cuid mhaith de na múinteoirí aonaracháil oile go leor le tabhairt faoin chiantagasc ginearálta gan trácht ar an teagasc teanga ar líne. Chonacthas gur chuir an ÚO cúrsaí ar fáil i mBéarla a dúirt na múinteoirí a bhí úsáideach agus reáchtáil CnaG sraith rathúil seimneár mar atá le feiceáil in Aguisín 9<sup>53</sup>. Thairis sin, áfach, tá géarghá le fada le deiseanna oiliúna saindeartha don tumoideachas a phléann le sainriachtanais oideolaíochta an mhúinteora dara teanga, FRT san áireamh.

In athbhreithnithe a rinneadh roimhe seo (féach Ó Domagáin et al., 2019)<sup>54</sup>, léiríodh go bhfuil feabhas le déanamh maidir le scileanna teanga na múinteoirí ar foghlaimeoirí T2 a mbunús. Mar a léiríonn (Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha, 2017), ó tharla na múinteoirí agus na cúntóirí ranga a bheith mar phríomhfhoinsí ionchuir theangeolaíoch ag na daltaí, nach mór dóibh a bheith ar ardchaighdeán Gaeilge. Deir siad:

Tá sé rithabhachtach gur úsáideoir inniúil na tumtheanga atá sa mhúinteoir ‘tumoideachas’, agus go léiríonn sé/sí eiseamláir den tumtheanga mar aon le réimse leathan ardscoiléanna agus ard-inniúlachtaí teanga lena gcuimsítear eolas ar léacsacan sainiúil, gramadach, séimeantaic, ortagrafaíocht, fóineolaíocht, sochtheangeolaíocht, mar aon le teanga a bhaineann go sainiúil le gach disciplín (2017: 15).

Léiríonn torthaí an ÚO (féach Aguisín 7), gur shíl breis agus 50% de cheannairí scoile gur imríodh tionchar ar scileanna/ar mhuinín Ghaeilge na mball foirne de bharr nach raibh teagmháil leanúnach fíoraimse acu le comhghleacaithe. Má chuirtear seo leis na laigí teanga a bhí ann cheana féin, is léir go gcaithfear aghaidh a thabhairt air seo.

- Deiseanna saibhrithe teanga

Tuigtear go mbaineann daltaí tumoideachais ardchaighdeán teanga amach faoi dheireadh an turais scoile. Is amhlaidh, áfach, gur láidre a bhíonn na gabhchumais ná na ginchumais (Féach Nic Uidhir et al., 2017). Ní laige ar iarrachtaí na hearnála seo nó is réaltacht theangeolaíoch idirnáisiúnta atá ann gur deacair labhairt na teanga a fhorbairt go leibhéal an chainteora ó dhúchas nuair a bhítear ag brath ar an am scoile amháin le teagmháil leis an teanga a thairiscint. Bíonn deiseanna seachtracha úsáidte teanga de dhíth le cur le cumas agus saibhreas an fhoghlaimeora dara teanga.<sup>55</sup>

Is díol suntais go luann neart tuismitheoirí sa tsuirbhé nach bhfeictear dóibh go bhfuil go leor deiseanna sóisialta Gaeilge ar fáil do pháistí taobh amuigh den scoil. Tá éagothroime thíreolaíoch ag baint leis seo. Mar shampla, is láidre i bhfad an earnáil óige Ghaeilge i mBéal Feirste ná mar atá i gceantair eile, i bhFear Manach, mar shampla.

Is amhlaidh nach raibh deiseanna mar seo ar fáil ag aon dalta i rith na dtréimhsí dianghlásála. Ó tharla nach bhfuair siad deis an teanga shóisialta a chleachtadh lena gcuid piaraí i suíomh na scoile ná ag imeachtaí seachchuraclaim (e.g. clubanna spóirt, clubanna


<sup>53</sup> Féach, fosta, <https://www.comhairle.org/gaeilge/professional-development/>

<sup>54</sup> Féach Athbhreithniú an RO féin (2008) a luaigh an oiliúint teanga a bheadh de dhíobháil.

<sup>55</sup> Tá seo pléite, mar shampla, ag Ní Chlochasaigh, (2016)


óige) agus iad gafa sa teach ag na srianta, is cothrom a rá go mbeidh impleachtaí aige seo ar chumas agus ar shaibhreas a gcuid Gaeilge labhartha amach anseo.

## Iontaoibh as an Ghaelscolaíocht



Léaráid 46: Iontaoibh cailte as an Ghaelscolaíocht, dar le tuismitheoirí?

Léaráid 47: an gcuirfear isteach ar chúrsaí iontrála, dar le ceannairí?



Léaráid 48: An gcuirfear isteach ar chúrsaí iontrála, dar le múinteoirí?

I bhfianaise na ndeacrachtaí breise a bhí os comhair earnáil an tumoideachais i rith na paindéime agus de bhrí gur ghéaraigh sé ar dheacrachtaí a bhí san earnáil cheana féin, cuireadh ceist sna suirbhéanna faoin iontaoibh as an earnáil. Is dearfach gur mhaígh 57% de na tuismitheoirí a chomhlánaigh an suirbhé nach bhfuil muinín cailte acu. Sna tráchtanna a rinne siad, dúirt cuid mhaith acu go dtuigtear dóibh gur cuireadh isteach ar oideachas gach páiste i ngach modh oideachais agus go bhfuil siad dóchasach go ndéanfar na bearta cuí chun athshlánú a dhéanamh. Maíonn cuid mhaith acu, fosta, go bhfaca siad tiomantas na múinteoirí agus iad ar a ndícheall scoth an oideachais a chur ar fáil dá gcuid páistí faoi thosca a bhí iontach deacair.


Ina dhiaidh sin is uile, tá 43% den bharúil go bhfuil iontaoibh cailte acu as an tumoideachas. Míníonn siad gur ábhar mór buairimh a bhí ann dóibh nach dtiocfadh leo an tacaíocht chuí a chur ar fáil dá gcuid páistí i rith na dtréimhsí cianfhoghlama. Dúirt líon an-bheag go raibh orthu oide Gaeilge a fhostú taobh amuigh den scoil le cuidiú lena gcuid páistí ó thaobh na teanga de agus nach mbeadh seo amhlaidh maidir le scileanna Béarla mar go bhfuil siadsan san áit ar féidir leo cuidiú leis sin.

Cé go bhfuil 75% de na ceannairí a chomhlánaigh an suirbhé buartha go n-imreofar drochthionchar ar chúrsaí iontrála sa ghearrthréimhse, ní léir ó na figiúirí gurb amhlaidh seo san earnáil mar aonad iomlán<sup>56</sup>. Ina dhiaidh sin is uile, áfach, caithfear súil a choinneáil air seo nó is féidir go mbeadh difear ann i gceantair faoi leith agus eispéiris faoi leith iontu.

## Bearta chun athshlánaithe

I ndeireadh an tsuirbhé, roinneadh roinnt smaointe le tuismitheoirí agus le múinteoirí maidir le bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh le cuidiú leo féin agus le cuidiú lena gcuid páistí/daltaí. Tugtar na torthaí agus réasúnaíocht thíos:

### ➤ Páistí



Léaráid 49: cad é a chuideodh le páistí, dar le tuismitheoirí?

- Pacáistí Teanga

Chonacthas i rith na paindéime gur féidir méid áirithe a dhéanamh sa bhaile i bhfoirm pacáistí oibre. Creideann 64% go mbeadh pacáistí tacaíochta teanga úsáideach; gníomhaíochtaí beaga breise a d'fhéadfadh na tuismitheoirí a chur os comhair na bpáistí le cuidiú leo lena gcuid Gaeilge. Bheadh sé tábhachtach ar ndóigh, nach mbeadh cuma na hoibre baile orthu seo; bheadh damhna de dhíth a bheadh spreagúil agus a bheadh ag teacht le cuid suimeanna an aoisghrúpa agus gur feabhsú na teanga sóisialta ba chuspóir dóibh (go hindíreach) in áit na teanga acadúla.

- Tacaíocht bhreise sa tseomra ranga

<sup>56</sup> Tháinig méadú ó 7064 in 20/21 go 7232 in 21/22 (eolas ó CnaG: 2022)

Tharla seo mar gheall ar thionscadail ar nós *Engage* agus Sealbhú agus tá ráite ag na múinteoirí agus na ceannairí gur mhór an cuidiú seo. Creideann 58% de na tuismitheoirí go mbeadh seo úsáideach. Baineann an tacaíocht seo le hidirghabháil a dhéanamh chun cuidiú le teanga na ndaltaí. Bíonn idirghabháil ann don litearthacht agus don mhata ach is idirghabháil faoi leith seo do dhaltaí a bheadh ag streacailt an teanga a thuiscint nó a úsáid mar ghnáthmhodh cumarsáide. Tuigtear go mbeadh sé doiligh an t-am agus na hacmhainní daonna a fháil chuige seo.

- Tuilleadh acmhainní ar líne

Tá léirithe thuas (lth. 41) gur bhain cuid mhaith páistí úsáid as aipeanna agus acmhainní ar líne nuair a bhí siad sa bhaile. Síleann 52% de na tuismitheoirí go mbainfí úsáid astu dá mbeadh siad ar fáil. Is é an rud a bheadh i gceist, cluichí nó físeáin nó ábhair spreagtha trí mheán na Gaeilge a bheadh difriúil ó na haipeanna oideachasúla Gaeilge a úsáidtear ar scoil (dá theirce iad): ‘oideachas faoi choim’ a bheadh i gceist leo seo sa mhéid is gur rudaí pléisiúrtha iad a mbeadh teagmháil leis an Ghaeilge mar thoradh orthu.


- Deiseanna úsáidte taobh amuigh

Tá seo ráite pléite thuas (lth. 49). Caithfear treisiú a dhéanamh ar na scileanna teanga a thógtar ar scoil taobh amuigh den scoil, e.g. clubanna óige, clubanna spóirt, dioscónna srl. Déantar seo ionas nach leis an scoil a amháin a shamhlaítear an teanga agus gur féidir líonra sóisialta Gaeilge a chruthú taobh amuigh den tseomra ranga a ligfidh dóibh a gcuid Gaeilge sóisialta a fhorbairt. 83% de na tuismitheoirí a chreideann gur smaoineamh maith seo.

- Clubanna iarscoile


Bíonn clubanna iarscoile trí mheán na Gaeilge i gcuid mhaith scoileanna cheana féin agus feiceann na tuismitheoirí an fiúntas atá leo - 75% atá i bhfách leo. Ní mar a chéile na deiseanna ar chlubanna iarscoile i ngach scoil agus b’fhiú iarracht a dhéanamh forbairt a dhéanamh orthu seo agus cur lena n-éagsúlacht. Is díol suntais go ndúirt duine na múinteoirí (in aonad) i rith fócasghrúpa go mbíonn sé deacair acu na daltaí a mhealladh chuig clubanna Gaeilge mar go bhfuil siad ag dul in iomaíocht leis na clubanna Béarla atá i bhfad níos tarraingtí e.g. ranganna damhsa, ranganna spóirt (le cótseálaithe proifisiúnta).

I measc na mbeart fiúntach a luann na tuismitheoirí féin:



Léaráid 50: Bearta chun athshlánaithe, dar le tuismitheoirí

## ➤ Tuismitheoirí



Léaráid 51: cad é a chuideodh le tuismitheoirí, dar leo féin?

- Treoir chun cuidiú le páistí

Chonacthas i rith na paindéime gur éirigh le múinteoirí treoracha a chur ar fáil a chuir ar chumas na dtuismitheoirí sin ar bheagán Gaeilge tacaíocht éigin a chur ar fáil do na páistí. Mhaigh cuid mhaith d’fhreagróirí an tsuirbhé féin nach bhfuil scileanna maithe múinteoireachta acu féin mar nach é sin a bpost. Síleann 56% díobh go mbeadh sé úsáideach comhairle a fháil maidir leis na modhanna is fearr le húsáid na teanga a spreagadh. Tá na *Treoirlínte Comhfhoghlama* (féach Aguisín 6) ann ach níor luaigh oiread agus tuismitheoir amháin go raibh siad feicthe acu. Thiocfadh sin a phriontáil agus a bhronnadh ar na tuismitheoirí nó aip a dhéanamh de.

- Ranganna taobh amuigh den scoil

Bíonn ranganna Gaeilge sa phobal ar fáil i neart ceantar. Tá 60% de na tuismitheoirí i bhfách leo ach is é rud nach i gcónaí a bhíonn siad eolach orthu. Ba chóir do na scoileanna a bheith ag obair i gcomhpháirt leis na heagraíochtaí éagsúla Gaeilge le poiblíocht a dhéanamh ar ranganna agus ar imeachtaí Gaeilge sa phobal.

- Treoir chuig acmhainní ar líne

Tá méadú mór ag teacht ar na hacmhainní Gaeilge atá ar fáil ar líne d’fhoghlaimoirí fásta. Is amhlaidh, áfach, go bhfuil siad chomh scaipthe sin go mbíonn sé doiligh ag tuismitheoirí teacht orthu nó fios a bheith acu cén dóigh le hiad a úsáid. Thiocfadh le scoileanna nó le CnaG na hacmhainní seo a thabhairt le chéile agus treoir a thabhairt faoin úsáid a d’fhéadfaí a bhaint astu. Bheadh 53% bhfách leis seo.

- Acmhainní foghlama don teach

Is scoth áiseanna iad *Gaeilge don Teaghlach* (<https://gaeilgedonteaghlach.com/>) nó *Is Féidir Linn* (<https://gaelbhrtach.ie/en/ifl/>) agus bheadh 54% i bhfách lena leithéid d’áis. Ba chóir poiblíocht a dhéanamh ar an dá shuíomh idirlín agus i gcás *Gaeilge don Teaghlach*, b’fhiú cóip den leabhar a bhronnadh ar thuismitheoirí daltaí a bheadh ag tosú ar an Ghaelscolaíocht.

- Ranganna ar scoil

Is cinnte go ndéanann roinnt scoileanna seo cheana féin ach is é an gearán is mó go mbíonn na ranganna ann i rith an lae oibre, rud nach mbíonn ag fóirstean do chuid mhaith tuismitheoirí. Dá mbeadh an maoiniú ann chuige, thioctadh múinteoir a fhostú a dhéanadh ranganna a chur ar fáil sa scoil ag amanna fóirsteanacha agus bheadh na ranganna sin ag díriú ar úsáid na Gaeilge sa teach agus ar chomhairle phraiticiúil chun cuidiú leis an fhoghlaim sa bhaile. 40% a bheadh i bhfách leis sin.

I measc na mbearta a luann na tuismitheoirí féin:



Léaráid 52: Bearta eile a chreideann tuismitheoirí a bheadh cuidiúil



### ➤ Múinteoirí

Seo thíos samplaí de na rudáí a luann múinteoirí a chuideodh leo féin agus leis na daltaí:

- Leo féin:



Léaráid 53: Bearta a chuideoidh leo féin, dar le múinteoirí

- Le daltaí



Léaráid 54: Bearta a chuideodh le daltaí, dar le múinteoirí

## Taithí i nDlínsí Eile

Mar a léiríodh san athbhreithniú litríochta (lth. 19), bhí na fadhbanna céanna ag cleachtóirí tumoideachais i ndlínsí eile. Cé gur tearc an taighde atá déanta go dtí seo, déantar tagairt thíos do roinnt beart ardleibhéil a rinneadh chun tacú dul i ngleic le hiarmhairtí na paindéime sna scoileanna tumoideachais.

### ➤ Albain

- Tá suíomh tacaíochta do thuismitheoirí ann, atá maoinithe ag Rialtas na hAlban <https://www.gaelic4parents.com/>. Bhí seo ar fáil le linn na dianghlasála agus seirbhís bheo acu ina dtiocfad le thuismitheoirí labhairt le múinteoirí agus comhairle a lorg ar obair na ndaltaí.
- Cuireadh an suíomh seo ar bun fosta le hacmhainní a chur ar fáil ar bhealach tarraingteach: <https://www.gaidhlig-nan-og.scot/en/>
- Bhí oideachas trí mheán na Gàidhlig le sonrú i bpolasaithe an rialtais, rud is údar uchtaigh do chleachtóirí. <https://education.gov.scot/parentzone/learning-at-home/covid19/support-for-gme-during-covid-19/>
- Bhí ranganna beo ar fáil ar líne i rith na dtréimhsí dianghlasála do dhaltaí Gàidhlig fud fad na tíre: <https://e-sgoil.com/gaidhlig/>.

### ➤ An Bhreatain Bheag

- Cuireadh maoiniú faoi leith ar fáil le tacú leis an tsealbhú teanga:  
- <https://gov.wales/support-help-increase-welsh-language-use-following-pandemic>
- Luaitear na scoileanna tumoideachais go sonrach i dtaighde a choimisiúnaigh an rialtas, rud a léiríonn beann ar an teanga ar an leibhéal is airde:  
- <https://business.senedd.wales/documents/s500006151/CYPE%20COV%20183%20-%20Welsh%20Language%20Commissioner%2010%20July%202020%20Published%20on%2017%20December%202020.pdf>
- Cruthaíodh bonneagar i Márta 2020 chun sainacmhainní Breatnaise a chruthú.  
- <https://gov.wales/written-statement-establishing-infrastructure-provision-bilingual-educational-resources>
- Dhréachtaigh an rialtas plan le cur le líon na gcainteoirí breatnaise trí chéile agus tagairt faoi leith don tsuíomh tumoideachais.  
<https://gov.wales/sites/default/files/publications/2020-11/more-than-just-words-action-plan-2019-2020.pdf> <sup>-57</sup>

---

<sup>57</sup> Féach lth. 8 sa phlean seo.

➤ **Éire**

- Chuir Gaeloideachas tacaíocht phraiticiúil ar fáil do scoileanna.  
<https://gaeloideachas.ie/wp-content/uploads/2021/02/Tuairisc-2020.pdf><sup>58</sup>
- Cruthaíodh sainchláir scolaíochta ar TG4 a bhí dírithe ar an churaclaim tumoideachais sa deisceart. <https://www.cula4.com/en/shows/cula4-ar-scoil/>
- Chuir RO moltaí faoi leith amach, tríd na cigirí, don Ghaelscolaíocht agus tagairtí iontu d'iarmhairtí na paidéime.  
<https://assets.gov.ie/133787/42a09688-75cb-4df7-a1ac-a2dd05a7c900.pdf>
- Rinneadh tagairt do dheacracht na paidéime sa tuairisc ar dhul chun cinn Phlean 20 Bliain don Ghaeilge, rud a cheanglaíonn an tumoideachas leis na bearta is leithne athbheochana agus bunaithe teanga.  
<https://assets.gov.ie/223349/2eef0f27-491f-4257-bf7b-34b6c7f204ce.pdf>

---

<sup>58</sup> Féach lth. 30 sa tuairisc.

## Conclúidí agus moltaí

Is é a rinneadh sa tuarascáil seo léargas na gcleachtóirí agus na dtuismitheoirí a chíoradh maidir le gnéithe éagsúla den phaindéim. Amharcadh, ar dtús, ar chleachtais agus scoileanna istigh sna scoileanna roimh an phaindéim. Cíoradh ansin freagairtí na nÚdarás agus na scoileanna féin le teacht na paindéime. Fiosraíodh an tionchar a shamhlaítear a bheith ar chumas teanga na ndaltaí (in éagmais fianaise chainníochtúil ó thástálacha caighdeánacha) agus pléadh ansin na dea-chleachtais a forbraíodh agus na bearta a chreidtear a bheadh úsáideach le teacht slán ó thionchar na paindéime.

Seo na ceisteanna taighde:

- **Cén t-eispéireas a bhí ag na páirtithe leasmhara le teacht na paindéime agus i rith na dtréimhsí dianghlása?**

Cé go dtuigtear gurbh éigeandáil í seo nach bhfacthas roimhe agus go raibh RO agus ÚO ag obair faoi an-bhrú ón tús, is léir go gcreideann na ceannairí scoile (100%), na múinteoirí (100%) agus cuid mhaith tuismitheoirí (54%) a chomhlánaigh na suirbhéanna nár tugadh treoiríníte agus tacaíocht chuí in am trátha. Fuarthas an t-eolas sa deireadh ach ba dhoiligh teacht air in amanna, bhí sé doiléir agus frithráiteach in amanna eile agus níor léir go raibh sainriachtanais na hearnála le sonrú ann in amanna eile. Deir 42% de na ceannairí a líon an ceistneoir nach raibh siad sásta le freagairt CnaG. Is amhlaidh, áfach, gur léir go raibh siad féin teoranta mar gheall ar easpa acmhainní sainiúla don Ghaeilge agus gur cuireadh moill ar an fhreagairt mar gheall ar easpa airde ar an tumoideachais sna treoiríníte a fuair siad féin ó RO/ÚO.

D'fhág seo go raibh ar cheannairí scoileanna aonair na cinntí s'acu féin a dhéanamh agus a gcuid polasaithe féin a chruthú dá scoileanna fad ab éigean do na múinteoirí a gcuid ábhair féin a ullmhú don teagasc ar líne agus iad ag iarraidh teacht isteach ar mhodhanna úra teagaisc nach raibh siad oillte go leor orthu, dar le 75% den tsampla.

Faoin am ar tháinig an dara tréimhse dianghlása, áfach, bhí bonn níos fearr faoi chúrsaí tacaíochta; luann na múinteoirí fiúntas na gcúrsaí traenála a cuireadh ar fáil agus luann CnaG agus na ceannairí scoile an cuidiú a thug tionscadail ar nós *Engage, Supporting Learning* agus *Sealbhú*.

- **Cén cur chuige a bhí in úsáid i scoileanna/aonaid éagsúla agus cén fáth ar roghnaíodh an cur chuige seo?**

Ní raibh aon chur chuige aonchineálach ann taobh istigh de scoileanna aonair ná i measc scoileanna éagsúla i rith na chéad tréimhse cianfhoghlama. De dheasca na héiginnteachta a bhraith na múinteoirí agus na príomhoidí, mar aon le deacrachtaí praiticiúla (e.g. easpa bonneagair cianteachais sa scoil; easpa oiliúna na múinteoirí ar an chianteachais; easpa ríomhairí nó idirlín a bheith ag na daltaí) bhí meascán cur chuige ais-sioncronach ann, mar shampla, pacáistí oibre curtha chun an bhaile; pacáistí oibre nó/agus físeán mhínithe curtha amach ar ardáin ar líne; naisc úsáideacha seolta amach. Rinne roinnt scoileanna teagasc

sioncrónach, a chur ar fáil, cuid acu á dhéanamh go laethúil, cuid acu á dhéanamh go seachtainiúil agus rinneadh seo in ainneoin mholtaí RO agus bhrú na gceardchumann.

Is é an tátal atá le baint as seo nach raibh cothromas deise ann do na daltaí tumoideachais, rud atá ag teacht le taighde ginearálta ar thionchar na paindéime maidir le grúpaí sóisialta faoi leith (Holt & Murray, 2021).

Bhraith na ceannairí (100%) agus na múinteoirí (100%) a chomhlánaigh na suirbhéanna gur údar struis iad na tréimhsí cianfhoghlama agus gur leagadh ualach breise ullmhúcháin orthu ó tharla go raibh sainacmhainní Gaeilge le cruthú acu do na hardáin éagsúla ar líne a bhí in úsáid acu. In ainneoin na n-iarrachtaí breise seo, áfach, bhí 100% acu den bharúil nár nochtadh na daltaí do go leor Gaeilge i rith na dtréimhsí seo. Ó tharla nach bhfuil Gaeilge sa bhaile ag bunús na dtuismitheoirí agus cuid mhaith den tacaíocht (e.g. iarrachtaí TG4) mífhóirsteanach, maille le roinnt mhaith páistí gan a bheith spreagtha i gcónaí (85%) nó iomlán-ábaltá páirt a ghlacadh sa chianfhoghlaim (33%), is cailliúint mhór a bhí ann gan iad a bheith sa tsuíomh tumtha in éineacht leis na múinteoirí agus lena gcomhscoláirí. Mhóthaigh roinnt múinteoirí, fosta, nárbh fhurasta deacrachtaí páistí a shainaithint gan an idirtheagmháil rialta.

Molann bunús mór thuismitheoirí an tsampla (78%) iarrachtaí na scoileanna agus na múinteoirí aonair (80%) i rith na dtréimhsí cianfhoghlama agus maíonn an mhórchuid díobh (75.5%) go ndearna siad féin, mar thuismitheoirí, iarracht cuidiú agus tacaíocht a chur ar fáil do na páistí in ainneoin gur tuigeadh do chuid mhaith acu nár mhúinteoirí iad nó nach raibh go leor Gaeilge acu leis an teanga a theagasc ná a úsáid leis na páistí.

Is léir gur fhoghlaim scoileanna ó thaithí thréimhse na chéad dianghlasála nó bhí forbairt ar na modhanna teagaisc i rith an dara dianghlasáil maidir le cur chuige an teagaisc shioncrónaigh agus modhanna múinte an teagaisc ais-sioncraigh. Moltar na dea-chleachtais seo a chomhtháthú le teagasc an tseomra ranga amach anseo nó tá siad ag teacht le dea-chleachtas FRT.

- **Cén tionchar a shamhlaítear a imríodh ar dhul chun cinn teangeolaíoch na ndaltaí agus cén fhianaise atá air sin?**

Cé go maítear gur idir rang 2-5 is mó a braitheadh an tionchar teangeolaíoch, creideann 92% de na ceannairí agus 94% de na múinteoirí agus cuid mhaith tuismitheoirí (54%) a chomhlánaigh an suirbhé go bhfuil cumas agus muinín theangeolaíoch gach dalta tumoideachais i ndiaidh fulaingt mar gheall ar an chianfhoghlaim. Is fadhb sheanbhunaithe í san earnáil nach bhfuil cur chuige seasmhach tástála forbartha teanga ann ach ina ainneoin seo, bhí na múinteoirí den tuairim, bunaithe ar a mbreithiúnas gairmiúil féin, bunaithe ar chaighdeán na dtascanna ranga agus bunaithe ar chumarsáid na ndaltaí ó d'fhill siad go bhfuil gach scil teanga idir labhairt, scríobh, léamhthuiscint, stór focal agus feasacht ar struchtúir tite go mór. Níl an mhúinín ná an cumas i gcuid de na páistí an teanga acadúil ná shóisialta a thuigbheáil ná a úsáid agus tá leibhéal úsáidte na Gaeilge tite go mór i gclois na scoile agus sa ghnáthchumarsáid ranga araon. Maíonn iomlán na múinteoirí go raibh acu le dul siar in áit dul chun tosaigh maidir le teagasc an churaclaim agus na teanga ó tharla an dá

rud a bheith fite fuaite ina chéile agus mothaíonn siad go bhfuil na daltaí i bhfad ar gcúl ón áit a mbíodh daltaí sa bhliainghrúpa chéanna blianta eile.

- **Cén dea-chleachtas a tháinig chun cinn san earnáil, i ndlínsí eile agus i scoileanna aonair?**

Is léir gur fhoghlaim scoileanna ó thaithí thréimhse na chéad dianghlasála. Is trí thriail agus earráid a tharla seo ach tharla sé, fosta, de réir mar a cuireadh treoirlínte agus polasaithe an RO agus an ÚO in oiriúint do shaindálaí an tseomra ranga tumoideachais; de réir mar a thug na múinteoirí faoi oiliúint ar mhodhanna múinte ar líne; de réir a bhí na múinteoirí ag foghlaim óna chéile sa scoil; de réir mar a bhí scoileanna ag foghlaim ó dhea-chleachtas a chéile. Cé gurbh fhrustrach dhúshlánach an tréimhse agus go mbeidh na hiarmhairtí le brath go ceann tamaill amach anseo, is féidir a áitiú gur tugadh ar mhúinteoirí a ndúshlán féin a thabhairt maidir le cleachtas oideolaíochta agus is féidir na dea-chleachtas a d'aimsigh siad féin a roinnt agus a chur in úsáid mar chomhlánú ar an chur chuige ardchaighdeán a bhíodh acu roimh an phaindéim. Tugtar roinnt dea-chleachtas thuas agus sna moltaí thíos ach seo roinnt samplaí breise a roinneadh.

- Físeáin tacaíochta de gach cineál don chleachtadh sa bhaile agus do na tuismitheoirí.
- Úsáid *Padlet* le dea-chleachtas a roinnt.
- Grúpaí *Whatsapp*/FB le deacrachtaí a phlé le cómhúinteoirí.
- Na páistí féin a chur á dtairfeadh féin sa bhaile leis an Ghaeilge labhartha a spreagadh.
- Quizeanna uathmharcála mar threisiú ar eolas na bpáistí ar bhunstruchúir teanga.
- Aiseolas ó bhéal le roinnt le daltaí trí aipeanna agus ar mhaithe leis na tuismitheoirí.
- Scéalta, amhráin, dánta nach mbeadh mar chuid den churaclam scoile a chur fáil mar ionchur breise taobh amuigh den rang.
- Tascanna spreagtha teanga a chruthú atá ag teacht le suim na ndaltaí féin arna fhiosrú leo.
- Cur leis na deiseanna foghlamtha féinriartha do na daltaí is sine.
- Teagmháil phearsanta leis na daltaí a bhíonn ag streachailt mar bhreis ar an teagmháil a dhéantar sa rang.
- Am a chur i leataobh le díriú isteach ar scileanna teanga sóisialta. Laethanta móra comhrá, mar shampla.

- **Cad iad na bearta praiticiúla agus polasaithe is gá agus is fiú a dhéanamh chun athshlánaithe?**

Tuigeann páirtithe leasmhara éagsúla ón bharr anuas na fadhbanna atá ann agus tá siad ar theann a ndíchill dul i ngleic leo nó is tábhachtach leo dul chun cinn na ndaltaí agus dul chun cinn na hearnála. Is léir teacht aniar a bheith sna páistí, cé gur turas fadálach a bheas ann agus é rómhall ag cuid de na daltaí a bheas ag imeacht as an chóras. Ní mór, ar an

chuid is lú de, maoiniú agus saineolas a chur ar fáil chun gur féidir le gach dream acu  
pleanáil ghearrthréimhse, mheántréimhse agus fhadtréimhse a chur i gcrích.

Leagtar amach roinnt moltaí polasaithe agus praiticiúla thíos.

<p><b>Comhairle na Gaelscolaíochta</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ollghrúpa tacaíochta.</li> <li>• Leanúint de lárnú na n-acmhainní agus an eolais.</li> <li>• Cumarsáid dhíreach le tuismitheoirí trí nuachtlitir.</li> <li>• Poiblíocht chomhordaithe.</li> </ul>
---

<p><b>Ceannairí</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Fiosrú a dhéanamh ar chumas reatha teangeolaíoch.</li> <li>• Plean forbartha teanga scoile.</li> <li>• Dea-chleachtais a roinnt le ceannairí eile a oiread is féidir.</li> <li>• Múinteoirí a spreagadh chun traenála.</li> <li>• Eolas logánta a roinnt le tuismitheoirí.</li> </ul>
--

<p><b>Roinn Oideachais</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Aird réamhghníomhach ar chúinsí na hearnála sa phleanáil polasaí.</li> <li>• Fócas ar chumarsáid thráthúil le ceannairí agus cleachtóirí.</li> <li>• Seirbhísí dátheangacha mar bhunpholasaí.</li> <li>• Cistiú tuilleadh acmhainní daonna.</li> <li>• Leanúint de na scéimeanna tacaíochta.</li> <li>• Ciste leanúnach taighde don Ghaelscolaíocht.</li> </ul>
---

<p><b>Údarás Oideachas</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Aird réamhghníomhach i gcónaí ar chúinsí na hearnála agus tacaíocht á tabhairt.</li> <li>• Fócas ar chumarsáid thráthúil le ceannairí agus cleachtóirí.</li> <li>• Bunseirbhísí dátheangacha comhchosúil leis an méid a chuirtear ar fáil do scoileanna Béarla.</li> <li>• Idirchaidreamh le CnaG faoi dheacrachtaí acmhainní daonna.</li> <li>• Aird ar ghanntanas na saináiseanna tumoideachais.</li> <li>• Leanúint de shaindeiseanna traenála.</li> <li>• Leanúint de na bearta tacaíochta</li> <li>• Bearta taighde ar cheisteanna tumoideachais.</li> </ul>
---

<p><b>CCEA</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Tuilleadh acmhainní clóite agus ríomhbhunaithe i nGaeilge.</li> <li>• Acmhainní dírithe ar na ginchumais.</li> <li>• Cur i gcrích na creatlaí teanga.</li> <li>• Forbairtí acmhainní measúnachtaí fóirsteanacha agus an chreatlach ann.</li> </ul>
--

<p><b>Múinteoirí</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Measúnú ar chumas teanga gach dalta agus plean idirghabhála.</li> <li>• Níos mó comhoibrithe le tuismitheoirí maidir le dul chun cinn teanga.</li> <li>• Dea-chleachtas a lorg agus a roinnt</li> <li>• Traenáil a dhéanamh.</li> <li>• Taisceáladh acmhainní a dhéanamh mar ghrúpa.</li> </ul>
---

<p><b>Tuismitheoirí</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Aird a dhíriú ar dhul chun cinn teanga.</li> <li>• Deiseanna úsáidte teanga a lorg taobh amuigh den scoil.</li> <li>• Na hacmhainní atá ann a fhiosrú agus a spreagadh.</li> <li>• Bheith i dteagmháil le tuismitheoirí eile ar na ceisteanna seo.</li> </ul>
--

Léaráid 55: Moltaí do na páirtithe leasmhara éagsúla



### ➤ An Roinn Oideachais

- **Aird réamhghníomhach ar chúinsí na hearnála:** Ní mór dul i gcomhairle le CnaG agus le hionadaithe thar ceann na múinteoirí sula gcruthaítear polasaithe agus treoirlínte. Cinnteoidh seo go mbeidh siad oiriúnach agus cuirfidh sé le luas an chur i bhfeidhm gan siar is aniar a bheith ann.
- **Fócas ar chumarsáid thráthúil le ceannairí agus cleachtóirí:** Ní mór línte díreacha cumarsáide a chruthú agus iad a chur ar an eolas faoin na línte sin. Ní léir go bhfeiceann ceannairí agus múinteoirí cuid de na bearta fiúntacha atá déanta.
- **Seirbhísí dátheangacha mar bhunpholasaí:** Níor cheart go mbeadh seirbhísí dátheangacha oideachais le hiarraidh; ba cheart gur bunpholasaí de chuid an RO é.
- **Cistiú tuilleadh acmhainní daonna:** Ba chóir a bheith ag comhoibriú le CnaG agus an maoiniú cuí a chur ar fáil leis an deacracht a mhaolú.
- **Leanúint de na scéimeanna tacaíochta:** Tá an-ráchairt ar na scéimeanna ar nós *Engage* agus *Sealbhú* agus dea-thionchar imeartha acu. Ní mór leanúint díobh seo nó glacfaidh sé roinnt blianta an bhris oideachais agus teanga a thabhairt isteach sna Gaelscoileanna.
- **Ciste leanúnach taighde:** Tá léirithe anseo go bhfuil gá le tuilleadh taighde ar shaincheistean na tumoideachais a chuideoidh le déanamh polasaithe agus forbairt dea-chleachtas. Ba chóir go mbeadh ciste ann chuige sin agus tairiscintí a bheith á gcur amach ar bhonn rialta.

### ➤ An tÚdarás Oideachais

- **Aird réamhghníomhach ar chúinsí na hearnála:** Ní mór dul i gcomhairle le CnaG agus le hionadaithe thar ceann na múinteoirí sula gcruthaítear scéimeanna tacaíochta. Cinnteoidh seo go mbeidh siad oiriúnach agus cuirfidh sé le luas an chur i bhfeidhm gan siar is aniar a bheith ann.
- **Fócas ar chumarsáid thráthúil le ceannairí agus le cleachtóirí:** Ní mór línte díreacha cumarsáide a chruthú agus na páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi na línte sin. Ní léir go bhfeiceann siad cuid de na bearta fiúntacha atá déanta ó thaobh na Gaeilge de.
- **Bunseirbhísí dátheangacha:** Ní mór dul i ngleic le seirbhísí trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil e.g. teiripe cainte nó comhairleoireacht ionas go mbeidh a fhios ag na daltaí go bhfuil an Ghaeilge luachmhar i ngach gné den tsaol.
- **Idirchaidreamh le CnaG faoi dheacrachtaí acmhainní daonna:** Ba chóir a bheith ag comhoibriú le CnaG agus le hinstiúidí tríú leibhéal le straitéis oiliúna agus earcaíochta a chur le chéile.
- **Aird ar ghanntanas na saináiseanna tumoideachais:** Ní mór an tiomantas agus an tacaíocht chuí a chur ar fáil le go gcruthófar acmhainní ardchaighdeán a líonfadh an bharna idir caighdeán na n-acmhainní sna scoileanna Béarla agus sna scoileanna Gaeilge.
- **Leanúint de shaindeiseanna traenála:** Tá feicthe go n-éiríonn leis na cúrsaí traenála. Ba chóir leanúint de seo agus béim a leagan ar shainchúrsaí i nGaeilge agus don

tumoideachas agus tacú le ceannairí scoile na deiseanna seo a chur ar fáil don oiread ball foirne agus is féidir..

- **Leanúint de na bearta tacaíochta:** Tá an-ráchairt ar bearta ar nós *Supporting Learning* agus dea-thionchar imeartha acu. Ní mór leanúint díobh seo nó glacfaidh sé roinnt blianta an bhris oideachais agus teanga a thabhairt isteach sna Gaelscoileanna.
- **Bearta taighde ar cheisteanna tumoideachais:** Is fiúntach an sampla den taighde atá déanta ag an UO (Aguisín 7). Ba chóir an saineolas atá ar fáil san ÚO a úsáid le tuilleadh taighde den tsórt seo a dhéanamh agus é a scaipeadh ar níos mó páirtithe leasmhara.

#### ➤ CCEA

- **Tuilleadh acmhainní clóite agus ríomhbhunaithe i nGaeilge:** Cé go bhfuil neart oibre déanta le roinnt blianta anuas, ní mór leanúint den obair thábhachtach seo bunaithe ar mheasúnú riachtanais sna scoileanna féin.
- **Acmhainní dírithe ar na ginchumais:** Tá tuilleadh acmhainní a dhíríonn isteach ar mhealladh na teanga de dhíth nó seo an dá scil is ísle a ghnóthaítear.
- **Cur i gcrích na creatlaí teanga:** Tuigtear go bhfuil céim na tairisceana críochnaithe ach ní mór clár diongbháilte ama a chur lena chríochnú.
- **Forbairt acmhainní agus measúnachtaí fóirsteanacha agus an chreatlach ann:** Níl sa chreatlach ach an chéad chéim. Beidh áiseanna teagaisc agus measúnaithe de dhíth chun go mbeidh sí éifeachtach agus in úsáid.

#### ➤ Comhairle na Gaelscolaíochta

- **Ollghrúpa tacaíochta:** Cé go bhfuil an-chomhbair ar bun le grúpaí saineolaíochta éagsúla e.g. fóram na bpríomhoidí, obair an Bhoird srl., níor mhiste grúpa a thabhairt le chéile ina mbeadh saineolaithe idirnáisiúnta ar an tumoideachas, ionadaithe ó eagraíochtaí tacaíochtaí Gaeilge a phléann leis an óg, ionadaithe ón dá ollscoil agus ó Choláiste Mhuire agus cleachtóirí san earnáil féin.
- **Leanúint de lárnú na n-acmhainní agus an eolais:** Tá saineolaithe sa Chomhairle atá eolach ar na hacmhainní atá ar fáil. Ba chóir leanúint de bheith á gcnuasach agus á bpacáistiú ar dhóigh atá úsáideach don mhúinteoir aonair atá ag iarraidh teacht ar ábhar faoi leith curaclaim in eochairchéim faoi leith. B'fhiú grúpa oibre a chruthú leis na cleachtóirí féin chuige sin. Thiocfadh an rud amhlaidh a dhéanamh le hacmhainní a bheadh úsáideach ag tuismitheoirí agus bheadh úsáid na n-acmhainní le míniú; ní leor nasc a chur chuig rud nach dtuigfidh an gnáththuismitheoir nach mbíonn an t-am aige/aici taighde a dhéanamh.
- **Cumarsáid dhíreach le tuismitheoirí:** Ní léir go bhfeictear do thuismitheoirí fiúntas agus toradh na hoibre a dhéanann CnaG. Ba cheart go mbeadh an Chomhairle i dteagmháil le gach tuismitheoir le nuachtlitir nó feasacháin eolais.
- **Poiblíocht chomhordaithe:** Tá obair mhaith bholscaireachta cruthaithe cheana féin ach ba chóir na feachtais bholscaireachta a chomhordú leis na scoileanna féin le leas iomlán na hearnála.

### ➤ **Ceannairí (muna bhfuil sé ag tarlú cheana)**

- **Fiosrú a dhéanamh ar an chumas reatha teangeolaíoch:** Ní leor, i bhfianaise an taighde seo, a chinntiú go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh maidir leis an churaclam. Ba chóir fáil amach faoin dul chun cinn teangeolaíoch go háirithe maidir le scileanna labhartha.
- **Plean forbartha teanga scoile:** Ní thiocfaidh an chreatlach teanga go ceann roinnt blianta. Ba chóir, ina éagmais sin, na múinteoirí a chomhordú le plean forbartha scileanna teanga a chruthú a bheas ag fóirstean don scoil agus a bheas inchurtha le hiarrachtaí na scoileanna eile.
- **Dea-chleachtais a roinnt le ceannairí eile a oiread is féidir:** Is cinnte go ndéantar seo cheana féin ach ní rud ócáideach céasta ba chóir a bheith anseo. Caithfear fóram rialta a thionscnamh a phléifidh go díreach le ceisteanna dea-chleachtais sa phleanáil agus san oideolaíocht a bhaineann leis an tumoideachas.
- **Múinteoirí a spreagadh chun traenála:** Cé go bhfuil deacrachtaí airgeadais agus foirne ag baint le baill foirne a ligean saor le tabhairt faoin traenáil, ba chóir próifiliú scileanna a cheangal le breithmheasanna agus deiseanna TPL a mholadh. Caithfear scileanna teanga na múinteoirí a chur sa reicneáil.
- **Eolas logánta a roinnt le tuismitheoirí:** Tá pobal beoga teanga taobh amuigh de bhunús na scoileanna. Ba chóir don scoil a bheith ina chroílár seo agus deiseanna Gaeilge do dhaltaí agus do thuismitheoirí a phoibliú agus ionadaithe ón scoil a bheith rannpháirteach.

### ➤ **Múinteoirí (muna bhfuil sé ag tarlú cheana)**

- **Measúnú ar chumas teanga gach dalta agus plean idirghabhála:** Tuigeann múinteoirí buanna agus laigí teanga na ndaltaí de thairbhe na teagmhála leo sa rang. Ba chóir, fosta, tástáil a dhéanamh air seo, e.g. triail neamhfhoirmiúil chainte agus plean idirghabhála a shocrú i gcás na ndaltaí atá ag streachailt.
- **Níos mó comhoibríthe le tuismitheoirí maidir le dul chun cinn teanga:** Ní léir go gcluineann tuismitheoirí mórán faoi dhul chun cinn na teanga. Déantar tuairisciú ar ghnéithe den churaclam ach ba chóir tuismitheoirí a chur in eolas faoi Ghaeilge a bpáistí agus moltaí a thabhairt. Ó tharla nach bhfuil Gaeilge ag cuid mhaith tuismitheoirí, níl dóigh acu breithiúnas a thabhairt ar chumas teanga an pháiste.
- **Dea-chleachtas a lorg agus a roinnt:** Is cinnte go ndéantar seo cheana féin ach ní rud ócáideach céasta ba chóir a bheith anseo. Caithfear gníomhú go rialta le fóraim a phléann go díreach le ceisteanna dea-chleachtais san oideolaíocht a bhaineann leis an tumoideachas.
- **Traenáil a dhéanamh:** Cé gur doiligh an t-am a fháil agus ualach róthrom oibre ann cheana féin, bheadh sé le leas an mhúinteora féinmheasúnú a dhéanamh ar a c(h)uid scileanna agus plean oiliúna a shocrú i gcomhar leis an phríomhoide. Cuirtear scileanna teanga san áireamh sa traenáil seo.
- **Taisceáladh acmhainní a dhéanamh mar ghrúpa:** Tá cuid mhór acmhainní ar fáil in áiteanna éagsúla. Is cosúil, áfach, nach mbíonn an t-am ag múinteoirí taisceáladh a dhéanamh orthu agus iad ag déanamh réamhphleanála. Ba chóir a fháil amach an bhfuil acmhainní ann atá ag fóirstean dá gcur chuige oideolaíochta sula dtéann siad ag aistriú nó ag cruthú rudaí faoi dheifre. Ba chóir na hacmhainní seo a roinnt le múinteoirí i scoileanna eile ionas nach mbeidh cuid mhór dúblála ar an obair.

➤ **Tuismitheoirí (muna bhfuil sé ag tarlú cheana)**

- **Aird a dhíriú ar dhul chun cinn teanga:** Ní ábhar scoile í an Ghaeilge ba chóir a fhágáil faoi na múinteoirí féin. In ainneoin nach bhfuil Gaeilge ag cuid mhaith de na tuismitheoirí, ba chóir dóibh aird a léiriú ar chumas Gaeilge na bpáistí agus tacaíochtaí a lorg sa chás go bhfuil an páiste ag streachailt.
- **Deiseanna úsáidte teanga a lorg taobh amuigh den scoil:** Tá borradh faoi líon na n-imeachtaí Gaeilge ar fud Thuaisceart Éireann. Ba chóir na deiseanna úsáidte Gaeilge seo a lorg agus na páistí a spreagadh le freastal orthu nó ní féidir gach rud a dhéanamh in am na scoile go háirithe maidir leis an teanga shóisialta,
- **Na hacmhainní atá ann a fhiosrú agus a spreagadh:** Tá dul chun cinn mór déanta maidir le hacmhainní tacaíochta do thuismitheoirí daltaí Gaelscoile. Ba chóir eolas a chur orthu agus iad a úsáid de bhreis ar an méid a iarrtar ar na páistí a dhéanamh mar obair bhaile.
- **Bheith i dteagmháil le tuismitheoirí eile ar na ceisteanna seo:** Bíonn na ceisteanna agus na buarthaí céanna ag tuismitheoirí eile faoi dhul chun cinn a bpáistí, go háirithe i bhfianaise na paindéime. Ba chóir a bheith i dteagmháil le tuismitheoirí eile sa scoil agus i nGaelscoileanna eile le heolas agus moltaí a roinnt., e.g. fóram ar líne ar aon dul le *Netmums*.

## Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an RO agus le CnaG as maoiniú a chur ar fáil leis an taighde seo éascú. Tá buíochas ag gabháil do Shirley Sweeney ón RO a chuaigh faoi agallamh agus do Mháire Kerr agus Risteard Mac Daibhéid ón OÚ as an treoir agus tacaíocht a thug siad agus as ligean dom tagairt dá gcuid taighde féin.

Tá buíochas ar leith ag gabháil d’Orla Nig Fhearraigh in *CnaG* a thug idir thacaíocht, eolas agus aischothú dom le linn phróiseas an taighde.

Ba mhaith liom, ar deireadh, buíochas a ghabháil leis na príomhoidí, leis na múinteoirí agus leis na tuismitheoirí a chaith am agus dúthracht leis na ceistneoirí a chomhlánú. Tá buíochas speisialta tuillte ag na hionadaithe ó scoileanna an tsampla a roinn a gcuid ama go fial chun go gcuirfí na fócasghrúpaí i gcrích.

## Liosta Foinsí

### [Leabhair agus ailt acadúla](#)

- Agostinelli, F., Doepke, M., Sorrenti, G., & Zilibotti, F. (2022). When the great equalizer shuts down: Schools, peers, and parents in pandemic times. *Journal of public economics*, 206, 104574.
- Alanis, I., & Rodriguez, M. A. (2008). Sustaining a dual language immersion program: Features of success. *Journal of Latinos and Education*, 7(4), 305-319.
- Amiti, F. (2020). The Importance of Oral Language Proficiency in EFL Online Teaching Setting. *Prizren Social Science Journal*, 4(2), 103-108.
- Archambault, L., Kennedy, K., Shelton, C., Dalal, M., McAllister, L., & Huyett, S. (2016). Incremental progress: Re-examining field experiences in K-12 online learning contexts in the United States. *Journal of Online Learning Research*, 2(3), 303-326.
- Ationg, R., Esa, M. S., Othman, I. W., & Yusoff, M. S. (2021). Trend, Potential and Challenges of Local Languages Learning During the Covid 19 Pandemic. *Learning*, 6(41).
- Allen, R., Jerrim, J., & Sims, S. (2020). How did the early stages of the COVID-19 pandemic affect teacher wellbeing? *Centre for Education Policy and Equalising Opportunities (CEPEO) Working Paper*, 1, 20-15.
- Bahn, G. H. (2020). Coronavirus disease 2019, school closures, and children's mental health. *Journal of the Korean Academy of Child and Adolescent Psychiatry*, 31(2), 74.
- Bailey, D. R., & Lee, A. R. (2020). Learning from experience in the midst of COVID-19: Benefits, challenges, and strategies in online teaching. *Computer-Assisted Language Learning Electronic Journal*, 21(2), 178-198.
- Baker, C. R. (Ed.). (2001). *Bilingual education and bilingualism*. Multilingual Matters.
- Baker, C. N., Peele, H., Daniels, M., Saybe, M., Whalen, K., Overstreet, S., & The New Orleans, T. I. S. L. C. (2021). The experience of COVID-19 and its impact on teachers' mental health, coping, and teaching. *School Psychology Review*, 50(4), 491-504.
- Bates, J., Finlay, J., & O'Connor Bones, U. (2022). "Education cannot cease": the experiences of parents of primary age children (age 4-11) in Northern Ireland during school closures due to COVID-19. *Educational Review*, 1-23.
- Clément, R., Dörnyei, Z., & Noels, K. A. (1994). Motivation, self-confidence, and group cohesion in the foreign language classroom. *Language learning*, 44(3), 417-448.
- Cloud, N., Genesee, F., & Hamayan, E. (2000). *Dual language instruction: A handbook for enriched education*. Boston, MA: Heinle & Heinle.
- Collen, I. (2021). *Language Trends Northern Ireland 2021*. (1 ed.) British Council.
- Craig, B. A. (1996). Parental attitudes toward bilingualism in a local two-way immersion program. *Bilingual Research Journal*, 20(3-4), 383-410.
- Crosson, A. C., & Silverman, R. D. (2022). Impact of COVID-19 on Early Literacy Instruction for Emergent Bilinguals. *Reading Research Quarterly*, 57(1), 5-14.
- Cummins, J. (2000). *Language, power, and pedagogy: Bilingual children in the crossfire* (Vol. 23). Multilingual matters.
- Dempsey, M., & Burke, J. (2021). Lessons Learned: The experiences of teachers in Ireland during the 2020 pandemic.
- Ellis, N. C. (2002). Frequency effects in language processing: A review with implications for theories of implicit and explicit language acquisition. *Studies in second language acquisition*, 24(2), 143-188.
- Ellis, R. (2009). The differential effects of three types of task planning on the fluency,

- complexity, and accuracy in L2 oral production. *Applied linguistics*, 30(4), 474-509.
- El-Osta, A., Alaa, A., Webber, I., Sasco, E. R., Bagkeris, E., Millar, H., ... & Majeed, A. (2021). How is the COVID-19 lockdown impacting the mental health of parents of school-age children in the UK? A cross-sectional online survey. *BMJ open*, 11(5), e043397.
- Ferri, F., Grifoni, P., & Guzzo, T. (2020). Online learning and emergency remote teaching: Opportunities and challenges in emergency situations. *Societies*, 10(4), 86.
- Gathercole, V. C. M., & Thomas, E. M. (2005). Minority language survival: Input factors influencing the acquisition of Welsh. In *Proceedings of the 4th International Symposium on Bilingualism* (pp. 852-874). Somerville, MA: Cascadilla Press.
- Genesee, F. (1987). *Learning through two languages: Studies of immersion and bilingual education*. Newbury house publishers.
- Gips, A., DiMattia, P., & Gips, J. (2004) The effect of assistive technology on educational costs: Two case studies", in K. Miesenberger, J. Klaus, W. Zagler, D. Burger (eds.)
- Goldenberg, C. (2020). Reading wars, reading science, and English learners. *Reading Research Quarterly*, 55, S131-S144.
- Hammer, C. S., Lawrence, F. R., & Miccio, A. W. (2008). The effect of summer vacation on bilingual preschoolers' language development. *Clinical linguistics & phonetics*, 22(9), 686-702.
- Harney (2018). *A review and report on the effectiveness of apps and web games in the area of education through Irish or in the teaching of Irish*. COGG <https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/A-review-and-report-on-the-effectiveness-of-apps-and-web-games-in-the-area-of-education-through-Irish-or-in-the-teaching-of-Irish.pdf>
- Hepler, J. B. (1997). Social development of children: The role of peers. *Children & Schools*, 19(4), 242-256.
- Hoff, E. (2006). How social contexts support and shape language development. *Developmental review*, 26(1), 55-88.
- Holt, L., & Murray, L. (2021). Children and Covid 19 in the UK. *Children's Geographies*, 1-8.
- Hurwitz, S., Garman-McClaine, B., & Carlock, K. (2022). Special education for students with autism during the COVID-19 pandemic: "Each day brings new challenges". *Autism*, 26(4), 889-899.
- Johnson, R. K., & Swain, M. (1994). From core to content: Bridging the L2 proficiency gap in late immersion. *Language and education*, 8(4), 211-229.
- Kavanagh, L., & Hickey, T. M. (2013). 'You're looking at this different language and it freezes you out straight away': Identifying challenges to parental involvement among immersion parents. *Language and Education*, 27(5), 432-450.
- Kim, L. E., & Asbury, K. (2020). 'Like a rug had been pulled from under you': The impact of COVID-19 on teachers in England during the first six weeks of the UK lockdown. *British Journal of Educational Psychology*, 90(4), 1062-1083.
- Koven, M. (2007). *Selves in Two Languages: Bilinguals' Verbal Enactments of Identity in French and Portuguese*: Vol. 34. Studies in Bilingualism. Amsterdam: John Benjamins. 327 pp. ISBN 978 90 272 4145 0
- Lafave, L., Webster, A. D., & McConnell, C. (2021). Impact of COVID-19 on early childhood educator's perspectives and practices in nutrition and physical activity: A qualitative study. *Early Childhood Education Journal*, 49(5), 935-945.
- Li, G. (2012). Literacy engagement through online and offline communities outside school: English language learners' development as readers and writers. *Theory into Practice*, 51(4), 312-318.



- Li, C., & Lalani, F. (2020, April). The COVID-19 pandemic has changed education forever. In *World economic forum* (Vol. 29). The rise of online learning during the COVID-19 pandemic | World Economic Forum (weforum.org).
- Lindholm-Leary, K. J. (2005). Review of research and best practices on effective features of dual language education programs. *Center for Applied Linguistics*, 35, 17-23.
- Lyster, R., & Saito, K. (2010). Oral feedback in classroom SLA: A meta-analysis. *Studies in second language acquisition*, 32(2), 265-302.
- Mancilla-Martinez, J. (2020). Understanding and supporting literacy development among English learners: A deep dive into the role of language comprehension. *AERA Open*, 6(1), 2332858420912198.
- Mancilla-Martinez, J., & Lesaux, N. K. (2017). Early indicators of later reading comprehension outcomes among Spanish-speaking language minority learners. *Scientific Studies of Reading*, 5, 428-448.
- May, S., Hill, R., & Tiakiwai, S. (2004). Bilingual/immersion education: Indicators of good practice. *Final Report to the Ministry of Education, New Zealand*.
- Morgül, E., Kallitsoglou, A., & Essau, C. A. E. (2020). Psychological effects of the COVID-19 lockdown on children and families in the UK. *Revista de Psicología Clínica con Niños y Adolescentes*, 7(3), 42-48.
- Murtagh, L. (2003). Retention and attrition of Irish as a second language: A longitudinal study of general and communicative proficiency in Irish among second level school leavers and the influence of instructional background, language use and attitude/motivation variables.
- Murtagh, L. (2007). Out-of-school use of Irish, motivation and proficiency in immersion and subject-only post-primary programmes. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, 10(4), 428-453.
- Nambiar, D. (2020). The impact of online learning during COVID-19: students' and teachers' perspective. *The International Journal of Indian Psychology*, 8(2), 783-793.
- Nic Aindriú, S., Ó Duibhir, P., & Travers, J. (2020). The prevalence and types of special educational needs in Irish immersion primary schools in the Republic of Ireland. *European Journal of Special Needs Education*, 35(5), 603-619.
- Ní Chlochasaigh, K. (2016). Foghlaimeoirí éifeachtacha na Gaeilge: Táid ann ach táid gann! Ról na foghlama comhtháite agus teangacha (FCÁT) i gcothú na dea-foghlama i gcás na Gaeilge. *An Tumoideachas*, Bua ná Dua. Coláiste Mhuire gan Smál. Luimheach.
- Nig Uidhir, G., Mac Corraidh, S., Mhic Aoidh, E., McPolin, P. & Nic Íomhair, A., (2017). *Anailís ar Ghaeilge Dhaltáí Eochairchéim 3 sa Chóras Tumoideachais*. Belfast: CCEA/SMUCB.
- Ní Chlochasaigh, K., Shiel, G., & Ó Duibhir, P. (2020). Iniúchadh ar an tumoideachas do dhaltáí i scoileanna lán-Ghaeilge i gceantair mhíbhuntáiste.
- Ó Ceallaigh, T., & Ní Dhonnabhain, Á. (2015). Reawakening the Irish language through the Irish education system: Challenges and priorities. *International Electronic Journal of Elementary Education*, 8(2), 179-198.
- Ó Ceallaigh, T. J., Leavy, A., & Hourigan, M. (2015). An bhearna idir an teanga agus an t-ábhar a dhúnadh sa tumoideachas: Cur chuige bunaithe ar staidéar ceachta.
- Ó Ceallaigh, T.J. agus Ní Shéaghdha, A. (2017). *I dTreo Barr Feabhais: Dea-chleachtais san Oideachas lán-Ghaeilge*, Uirlis mheasúnaithe féinmheastóireachta do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile Éireann. Ar fáil ag [www.gaeloideachas.ie](http://www.gaeloideachas.ie)



- Ó Ceallaigh, T. J. agus Ó Laoire, M. (eag.) (2021). *An Tumoideachas: Deiseanna agus Dea-chleachtais. An Dara Comhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas: Imeachtaí Comhdhála / The Second All-Ireland Research Conference on Immersion Education: Conference Proceedings*. Ar fáil ag [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie)
- Ó Domagain, G., Comer, N., & Donail, C. O. (2019). *Comharthaí sóirt na teanga scríofa faoi dheireadh Eochairchéim 2: I dtreo contanam forbartha teanga agus litearthachta sna scoileanna tumoideachais*. CCEA
- Ortega, L. (1999). Planning and focus on form in L2 oral performance. *Studies in second language acquisition*, 21(1), 109-148.
- Pensiero, N., Kelly, A., & Bokhove, C. (2020). Learning inequalities during the Covid-19 pandemic: how families cope with home-schooling.
- Perez, L. C. (2003). Foreign language productivity in synchronous versus asynchronous computer-mediated communication. *CALICO journal*, 89-104.
- Roblyer, M. (2003). *Integrating Educational Technology into Teaching*. Columbus, Ohio:Person Education
- Roinn Oideachas (2008). *Athbhreithniú ar Ghaelscolaíocht: tuarascáil*. Ar fáil @ [https://www.education-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/de/review-of-irish-medium-education-report-irish\\_0.pdf](https://www.education-ni.gov.uk/sites/default/files/publications/de/review-of-irish-medium-education-report-irish_0.pdf)
- Skar, G. B. U., Graham, S., & Huebner, A. (2021). Learning loss during the COVID-19 pandemic and the impact of emergency remote instruction on first grade students' writing: A natural experiment. *Journal of Educational Psychology*.
- Soto-Hinman, I. (2011). Increasing Academic Oral Language Development: Using English Language Learner Shadowing in Classrooms. *Multicultural Education*, 18(2), 21-23.
